## 3.2 Roinnt cláir foghlama shamplacha

Trí roinnt cláir foghlama shamplacha a fhorbairt a léireodh na treoirlínte á gcur i ngníomh, shainaithin scoileanna scoláirí ón spriocghrúpa ábhartha agus chuir siad le chéile clár foghlama dóibh. Déanann na cláir foghlama cur síos ar réimse gníomhaíochtaí atá scoileanna a úsáid faoi láthair le hais roinnt féidearthachtaí a fheiceann siad a thiocfaidh chun cinn trí na treoirlínte a úsáid. I bhfocail eile, cuirtear síos ar roinnt gnéithe sna cláir foghlama nach bhfuil ann fós, amhail cáilíocht scoile Leibhéal 2. Baineann na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu sna cláir foghlama shamplacha, áfach, le heispéiris na scoileanna féin agus iad ag obair i dtreo cáilíochta/dámhachtana atá ann cheana; i roinnt cásanna is é sin Teastas FETAC Leibhéal 2 san Fhoghlaim Ghinearálta agus, i gcásanna eile, is é atá ann gradam Fhorbairt na Scéime Dámhachtana agus an Líonra Creidiúnaithe.

Déanann na cláir foghlama shamplacha cur síos ar na ATFnna do gach scoláire. Coinnítear sainphróifíl agus riachtanais an scoláire ar intinn agus na ATFnna á roghnú. Meastar go ginearálta, go reáchtálfadh clár foghlama scoláire ar feadh na sraithe sóisearaí ina hiomláine, agus ar a chríochnú dó go mbronnfaí teastas Leibhéal 2 air. Ba chóir a chur in iúl nach ndéanann na cláir foghlama cur síos ar fhoghlaim iomlán an scoláire. Tá gníomhaíochtaí agus eispéiris foghlama eile ann a d'fheadfadh an scoláire a leanúint le linn chúrsa na sraithe sóisearaí agus arbh fhéidir nach ndéanfaí cur síos orthu sa chlár foghlama.

Cuimsíonn cláir foghlama in amanna foghlaim atá ina soláthar curaclaim agus seach-churaclaim.

# **Clár foghlama 1:** Pól (iar-bhunscoil)

## Intreoir

Is scoláire céad bhliana é Pól i bpobalscoil mhór uirbeach ina bhfuil 1100 scoláire. Tá méin ghealgháireach aige, agus is stócach 14 bliana d'aois an-sóisialta é a bhfuil a lán cairde aige. Tá réimse leathan suimeanna aige, ina measc rac-cheol, snámh, drumaí agus sacar. Is é is óige de thriúr páistí agus is é an t-aon bhuachaill é ina theaghlach. Tá Siondróm Williams ar Phól (is riocht géiniteach neamhghnách é Siondróm Williams a ghineann fadhbanna míochaine agus forbraíochta) agus tá sé ag feidhmiú laistigh den mheánraon míchumais foghlama ghinearálta. Tá baint ag Pól leis na Cluichí Oilimpeacha Speisialta agus téann sé chuig campa ceoil le Cumann Siondróm Williams. D'fhreastail Pól ar bhunscoil phríomhshrutha agus tá a thuismitheoirí ag iarraidh go mór go rachaidh sé chuig iar-bhunscoil phríomhshrutha freisin.

Atmaisféar tréadach atá sa scoil agus tá a cuid struchtúr agus a fealsúnacht bhunaidh cothaitheach agus tacúil. Is iad a comharthaí sóirt an bhéim a chuirtear ar pháirtíocht, comhoibriú agus comhar. Téann an comhoibriú lasmuigh den scoil mar go bhfuil Pól rannpháirteach i gclár for-rochtana le scoil speisialta ina bhfuil foireann ildisciplíneach ar a bhfuil síceolaí oideachais, teiripeoir urlabhra agus teanga, síciteiripeoir agus teiripeoir saothair.

Tá curaclam na sraithe sóisearaí le fáil i suíomh cumas measctha. Roghnaíonn scoláirí ó réimse de 14 ábhar – Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Tíreolaíocht, Stair, Teanga Eorpach, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP), Corpoideachas (CO), Teagasc Reiligiúnach, Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, Miotalóireacht, Teicneolaíocht Ábhar Adhmad, Ceol, Grafaic Theicniúil agus Eacnamaíocht Bhaile.

Sa chéad bhliain bíonn faill ag scoláirí sampláil a dhéanamh ar roinnt ábhar, as a roghnaíonn siad a roghanna staidéir don dara agus don tríú bliain.

Dearadh clár ama Phóil chun a rannpháirtíocht a mhéadú, ag cur sa reicneáil go n-éiríonn sé tuirseach go furasta. Sa dóigh seo freastalaíonn Pól ar 38 de na 45 tréimhse ranga gach seachtain. Leanann sé curaclam laghdaithe, ag glacadh Ealaíne, Ceardaíocht, Dearadh, Miotalóireacht, Tíreolaíocht, Ceol, OSPS, CO OSSP agus Ríomhaireacht lena chuid piaraí, i ranganna cumas measctha. Oibríonn sé le múinteoir acmhainní agus grúpa beag (3-4 scoláire) le haghaidh a chuid ranganna Matamaitice agus Béarla ar feadh sé thréimhse sa tseachtain, agus bíonn ceithre rang bhreise aistarraingthe duine le duine aige lena chuid múinteoirí CO, Tíreolaíochta agus Béarla. Gach lá titeann cuid foghlama Phóil amach in ionaid éagsúla, an chuid is mó di lena phiaraí príomhshrutha, agus dhá rang sa lá ar an meán i suíomhanna duine le duine nó i ngrúpaí beaga.

Gach lá titeann cuid foghlama Phóil amach in ionaid éagsúla, an chuid is mó di lena phiaraí príomhshrutha, agus dhá rang sa lá ar an meán i suíomhanna duine le duine nó i ngrúpaí beaga.

## Foghlaim phearsantaithe

Díríonn PODA Phóil ar a láidreachtaí foghlama agus ar a chuid riachtanas agus thíos faoi feictear achoimre ar phríomhspriocanna a PODA.

## Achoimre ar Phríomhspriocanna PODA Phóil

**Litearthacht**

- bunlitreacha a aithint agus scileanna léitheoireachta a fhorbairt d'fhocail níos faide ná trí litreacha ag úsáid cur chuige bunaithe ar fhónaic
- Obair a dhéanamh ar fhocalstór súilaithne sóisialta agus scríobh scéalta a thabhairt isteach

**Teanga**

- stór focal a leathnú
- labhairt ar a shon féin le linn ceisteanna a fhreagairt

**Sóisialta**

- beannú mar is cuí do dhaoine fásta agus do phiaraí i gcomhthéacs na scoile agus an tseomra ranga
- feasacht a fhorbairt ar dhaoine agus ar áiteanna atá sábháilte agus ar áiteanna atá baolach
- a chuid trealaimh do ranganna éagsúla a shórtáil agus a eagrú
- seicheamhú gníomhaíochtaí ar scoil agus taobh amuigh den scoil a phleanáil agus a chur i gcrích

**Scileanna Luail**

- a bhealach a dhéanamh thart ar fhoirgneamh na scoile gan chúnamh
- straitéisí a fhorbairt chun comhráite a thosú i suíomhanna ar leith
- céimeanna a ghlacadh chun imní a bhainistiú
- comhordú súl is lámh a fhorbairt (cleachtadh leis an eochairchlár)
- greim compordach a fhorbairt le haghaidh scríbhneoireachta

**Mata Sóisialta**

- feasacht ar an am agus ar an gclog a fhorbairt
- oibriú níos mó ar airgead a thuiscint
- bunscileanna comhairimh a fhorbairt

Agus an PODA mar phointe tosaigh, agus treoirlínte an churaclaim in úsáid, cuireann an múinteoir acmhainní clár foghlama Phóil le chéile. Agus é sin á dhéanamh aige, téann sé i gcomhar le Pól, a thuismitheoirí, a CRS, agus baill eile foirne a bhíonn ag obair leis. Bunaithe ar a chuid riachtanas agus láidreachtaí reatha roghnaítear na míreanna is oiriúnaí ó laistigh de gach ATF agus leagtar iad seo amach thíos. Tarlaíonn plé leanúnach rialta faoi dhul chun cinn Phóil agus faoina chuid pleananna amach anseo go neamhfhoirmiúil le linn na seachtaine scoile, agus go foirmiúil ag a chuid cruinnithe PODA ag tús na scoilbhliana, agus ag cruinnithe athbhreithnithe i rith na bliana.

## Léargas ar Chlár Foghlama Phóil

| Aonaid Tosaíochta Foghlama | Míreanna | Ábhair sa tsraith shóisearach/ gníomhaíochtaí scoile |
|---|---|---|
| **Cumarsáid agus litearthacht** | • Ag léamh chun buneolas a fháil<br>• Réimse cineálacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl | Béarla agus gach ábhar |
| **Uimhearthacht** | • Airgead a bhainistiú<br>• Feasacht ar am a fhorbairt | Matamaitic, Staidéar Gnó agus gach ábhar |
| **Cúram pearsanta** | • Fios bheith aige conas fanacht sábháilte | OSPS agus gach ábhar |
| **Ag maireachtáil i bpobal** | • Dea-chaidrimh a fhorbairt<br>• Áiseanna áitiúla a úsáid | OSSP, OSPS, Tíreolaíocht, agus gach ábhar, córas páirtíochta *Meitheal* |
| **Ag ullmhú don obair** | • Feasacht a fhorbairt ar shláinte agus ar shábháilteacht agus trealamh á úsáid | Miotalóireacht agus gach ábhar |

## Comhoibriú

Comhcheanglaíonn an múinteoir acmhainní le cuid múinteoirí ábhar Phóil go bhfeice sé conas ab fhéidir leo cuidiú le roinnt ATFnna a chlúdach ina gcuid ranganna ábhair. Comhoibríonn siad freisin ar bhealaí chun fianaise a chur le chéile dá Ghnóthachtáil ina chuid ATFnna agus is trí thógáil ar a phunann agus a dhialann léitheoireachta is mó a dhéantar é sin. Agus Pól ag aistriú ó ábhar go hábhar ar bhonn laethúil éascaíonn punann chomhroinnte an chumarsáid idir na múinteorí. Tráchtann cuid múinteoirí Phóil freisin ar na topaicí reatha agus/nó na scileanna ar a bhfuil siad ag obair ag úsáid phunann Phóil.

Úsáideann foireann tacaíocht foghlama/acmhainní na scoile córas bosca atreoraithe sa seomra foirne mar ar féidir le múinteoirí saincheisteanna ábhartha a thabhairt chomh fada leis an bhfoireann tacaíocht foghlama. Cinntíonn an fhoireann go bhfreagraítear mar is cuí, cibé acu trína gcuid idirghabhálacha féin, nó trí straitéisí agus acmhainní a roinnt agus a phlé. De thairbhe Phóil de, tá an córas bosca seo úsáideach chun comhoibriú agus obair foirne a éascú i scoil mhór ghnóthach.

## Teagasc agus foghlaim

Tarlaíonn cuid foghlama Phóil trí chuir chuige dhifreáilte, ionas go mbíonn a chuid foghlama dúshlánach mar is ceart dó. Bíonn sí coincréiteach freisin agus leagtar amach í i gcéimeanna soiléire. Ós rud é go suitear obair ar réaltacht Phóil bíonn a chuid tascanna foghlama ábhartha dó agus méadaíonn sé sin an seans go n-aistreofar a chuid scileanna go dtí a chuid eispéireas lasmuigh dá shaol scoile. Cabhraíonn naisc phleanáilte ar leith idir na hábhair níos mó arís le haistriú na scileanna foghlama.

## Difreáil

Tháinig roinnt tionscadal traschuraclaim chun cinn do Phól trí chomhoibriú múinteoirí-foirne. Tugann siad sin deiseanna do Phól foghlaim níos doimhne a dhéanamh agus léargas níos fearr a fháil ar thopaicí a clúdaíodh cheana sna ranganna cumas measctha. Is foinse deiseanna iad do Phól, a chlúdaíonn iomad míreanna laistigh de na ATFnna. Nuair a bhíonn siad ag comhtheagasc sa Tíreolaíocht agus san Eolaíocht, is minic a dhéanann beirt mhúinteoirí pleanáil, plé agus athbhreithniú ar straitéisí, ábhair agus cuir chuige i leith cuid foghlama Phóil. Is straitéisí amhail eochairfhocail, tascanna grúpa, rólimirt agus a lán eile is mó a úsáidtear. Déanann na hailt a leanas cur síos ar dhá thionscadal thraschuraclaim a bhfuil baint ag Pól leo.

## Béarla agus ceol

Ó tharla go bhfuil dúil a anama ag Pól sa cheol, tá tionscadal ar chineálacha ceoil mar chuid dá chlár Béarla.

Cabhraíonn comhoibriú idir an roinn ceoil agus an roinn acmhainní leis an tionscadal seo. Sa tionscadal seo fiosraíonn Pól trí chineál dhifriúla ceoil: Miotal Trom ‘Slipknot’, Ceol Gaelach traidisiúnta agus píosa Clasaiceach. Éistear leis an gceol agus déantar é a mheas i dtaca lena thionchar ar an éisteoir. Is breá le Pól “Galway Girl” le Maundy. Breathnóidh sé ar na liricí agus éistfidh sé leis an gceol roinnt uaireanta. Cabhraíonn an roinn ceoil chun duilleog meastóireachta a chur le chéile do Phól atá le comhlánú aige do gach píosa. Cuimsíonn an meastachán seo: an teideal, an cumadóir, luas, uirlisí, brí na liricí agus conas a mhothaíonn sé faoin bpíosa ceoil.

## Tionscadal Bolcán

(Tíreolaíocht, Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus Eolaíocht)

Oibríonn múinteoir Tíreolaíochta Phóil leis freisin ar bhonn duine le duine agus le linn an ama sin tógann siad bolcán. Cuimsíonn sé forbairt stór focal, ceardaíocht, forbairt chomhordú súl is lámh, sraith gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur in ord, tomhas, agus an tionscadal a scríobh amach. Tarlaíonn an cheardaíocht (ag úsáid páipéir agus gliú, agus tonnadóir) sa seomra Ealaíne le cuidiú óna mhúinteoir Ealaíne. Cruthaíonn sé sin an deis chun plé a dhéanamh ar réimse ceisteanna seachas an bolcán. Baineann an obair ar an mbolcán leis na ranna seo: Tíreolaíocht, Ealaín, Ceardaíocht, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus Eolaíocht. Le linn na hEolaíochta, taispeánann an múinteoir an chaoi a n-athchruthaíonn imoibriú sóid aráin agus fínéagar le ruaim bhia gníomhaíocht bholcáin. Is le cuidiú a mhúinteora Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) a chruthaítear bonn an bholcáin. Is é an píosa deireanach atá i gceist cur i láthair Phóil dá rang Tíreolaíochta. Tá an réimse teanga agus na deiseanna le haghaidh athrá an fhoclóra i suíomh breá suaimhneach thar théarma sé seachtaine (tréimhse amháin sa tseachtain) ina gcuidiú an-mhór aige. Bíonn sé ag súil lena rang gach seachtain.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Phóil

# Cumarsáid agus litearthacht

Creideann cuid tuismitheoirí Phóil gurb é an ATF seo an réimse is mó dúshlán aige ach bheadh lúcháir orthu dá dtiocfadh leis a ainm agus a sheoladh a scríobh, agus foirmeacha bunúsacha a chomhlánú. Cuireann siad in iúl gur bhreá leis bheith ábalta léamh agus thug siad faoi deara é ag tógáil páipéar nuachta ag iarraidh scéal spóirt a leanúint. Le linn comhrá le Pól aithníonn sé gur tábhachtach aige 'na litreacha agus an chaoi chun léamh a fhoghlaim'.

## Mír:
## Ag léamh chun buneolas a fháil

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

### Cur chuige eispéireas teanga

Roghnaíodh cur chuige eispéireas teanga chun cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta Phóil a chur chun cinn. Sa chur chuige seo úsáidtear rud ar bith ar díol spéise ag Pól é amhail imeacht spóirt nó imeacht teaghlaigh i gcomhrá agus ansin taifeadtar in abairtí é. Trí na habairtí seo a ghearradh óna chéile agus a iarraidh ar Phól iad a chur in athord, foghlaimíonn sé focail nua atá bainteach leis féin agus is féidir leis a léamh, agus focail ar féidir iad a athrú níos mó chun a chuid eispéireas léitheoireachta a fhorbairt.

### Clár léitheoireachta

Leanann Pól clár córasach fóineolaíoch. Cabhraíonn a chuid tuismitheoirí leis an obair seo trí na fuaimeanna agus na focail a chleachtadh sa bhaile. Oibríonn na leideanna pictiúrtha agus léirshamhlú (*visualisation*) go maith do Phól. Tá cleachtadh ag Pól le clár léitheoireachta ón mbunscoil agus thaitin sé leis bheith ag léamh na scéalta sa chéad téarma san iar-bhunscoil faoi charachtair a raibh aithne mhaith aige orthu. Úsáidtear leabhair ghníomhaíochta chun a dhul chun cinn sa léitheoireacht a dhaingniú. Is gné bhreise é ag Pól an CD Rom den tsraith, óir tá sé an-tugtha do ríomhairí.

### Focalstór súilaithne sóisialta

Tugadh grianghraif de chomharthaíocht na scoile don bhunscoil nuair a bhí Pól i rang a sé le ligean dó bheith beagán níos eolaí ar an bhfoirgneamh. Thug se cuairt ar an scoil roinnt uaireanta freisin lena phiaraí ó Rang 6 agus lena thuismitheoirí sular glacadh isteach sa scoil é. Úsáidtear splanc-chártaí lannaithe agus pictiúir chomhfhreagracha ó thimpeallacht na scoile chun focalstór súilaithne a theagasc. Comhoibríonn an scoil le tuismitheoirí Phóil chun obair a dhéanamh ar a fhocalstór súilaithne sóisialta ag díriú ar a bhaile agus ar thimpeallacht na scoile chomh maith.

### Dialann leitheoireachta

Cruthaíodh dialann léitheoireachta do Phól chun a dhul chun cinn sa léitheoireacht a rianú ar bhonn laethúil agus cabhraíonn a chuid tuismitheoirí le Pól a léitheoireacht a chleachtadh sa bhaile.

## **Mír:**
## Réimse cineálacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

### Leabhar pearsanta scéalta

Is píosa mór scríbhneoireachta é an leabhar pearsanta scéalta a choinnítear i bhformáid leabhar gearrthóg agus a rianaíonn teaghlach, cairde, peataí, sainchaitheamh aimsire agus suimeanna Phóil, na nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis, a chomharsanacht agus a mhianaidhmeanna don am atá le teacht. Taitníonn an píosa seo oibre leis agus tacaíonn sé lena chiall dá thimpeallacht. Tugann sé deis dó píosa oibre uathúil a chruthú a chuireann lena bhraistint comhlíontachta. Is píosa léiritheach é freisin mar go rianaíonn sé luathshaol Phóil agus go mbreathnaíonn sé i dtreo na todhchaí. Úsáideann Pól bogearra scríbhneoireacht chuidithe a táirgeadh ar bhonn tráchtála lena scéal a chruthú. Déantar nuashonrú ar asphriontaí gach seachtain i bpunann Phóil. Is minic a dhéanann Pól bileoga oibre i gcuir chuige fónaice chun focail a léamh, agus chun cabhrú le cleachtaí tuisceana trí thascanna iomlánaithe (*cloze tasks*).

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Phóil

# Uimhearthacht

## **Mír:** Airgead a bhainistiú

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Úsáidtear ábhair choincréiteacha amhail boinn agus nótaí chun rólimirt a dhéanamh ar shiopadóireacht. Is é ata i gceist leis seo airgeadra a aithint, méideanna cearta a áireamh le díol agus an briseadh a sheiceáil. Chruthaigh Pól taispeántas balla de bhoinn agus de nótaí i seicheamh agus úsáideann sé é gach lá. Atreisítear an obair seo arís eile le linn na dturas rialta chuig an lárionad siopadóireachta áitiúil, a dhéanann Pól lena rang acmhainne. Is mór a d'fhás féinmhuinín Phóil chun íoc as rud éigin a cheannaigh sé agus as rud éigin a ordú mar shampla, in asraon áitiúil mearbhia, seachtain i ndiaidh seachtaine. Tá feabhas ag teacht ar a chumas chun an méid a theastaíonn a chuntas amach agus a shóinseáil a sheiceáil. Cabhraíonn tuismitheoirí Phóil chun foghlaim Phóil sa réimse seo a aistriú nuair a thugann siad a shiopadóireacht é agus a thugann siad breis freagrachtaí dó ar na turais seo.

## **Mír:** Feasacht ar am a fhorbairt

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh Pól feasach ar chúrsaí ama. De bharr drochthuiscint bheith aige ar an am is mór an imní a bhíonn air mar nach féidir leis a rá cá fhad a mhairfeadh ceacht nó cá huair a thiocfaidh am sosa. Le samhail de chlog teagasctar na huaireanta agus codanna na n-uaireanta. Ba é a mhúinteoir acmhainní a tháinig aníos leis an smaoineamh Sceidealóir Amhairc a dhearadh go sainiúil do Phól. Tá ceann amháin ann in aghaidh an lae agus is é atá ann leathanach do gach tréimhse le grianghraf den mhúinteoir agus siombail don ábhar ar an leathanach. Tá sé dathchódaithe freisin de réir shuíomh an tseomra ranga san fhoirgneamh agus dathanna doirse na seomraí sin.

Fágtar clog beag digiteach ar a dheasc le haghaidh ranganna atá deascbhunaithe ionas gur féidir leis athruithe i ngníomhaíocht a thomhas agus a fhios bheith aige cén uair a chríochnóidh an rang. Iarrtar ar Phól, mar shampla, 10 nóiméad a shocrú do ghníomhaíocht léitheoireachta.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Phóil

# Ag Ullmhú don Obair

## **Mír:** Feasacht ar shláinte agus ar shábháilteacht a fhorbairt agus trealamh á úsáid

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

### Liosta de phríomhrioscaí sábháilteachta san ionad oibre

Tugann rang Teicneolaíocht Ábhar (Miotal) Phóil comhthéacs réadúil chun a fhoghlaim cad is timpeallacht shábháilte oibre ann. Teagasctar cúrsaí sábháilteachta ag tús na chéad bhliana go speisialta, agus is cuid lárnach iad de gach gníomhaíocht laethúil sa cheardlann. Déanann an múinteoir soiléir cad iad na bunrialacha, mar shampla, ní cheadaítear rith sa cheardlann, ní chaitear éadaí scaoilte, coinnítear gach slí glan. In Teicneolaíocht Ábhar (Miotal) foghlaimíonn Pól rialacha agus nósanna imeachta sábháilteachta agus é ag déanamh a fháinne eochrach, seastán dá ghuthán póca, agus cluiche. Foghlaimíonn sé rialacha agus nósanna imeachta sábháilteachta lena phiaraí agus is minic a tharraingítear a aird ar an gcairt bhalla, mar ar féidir leis a mhéar a dhíriú ar léaráidí agus ar threoracha cuí. Ta Pól anois in inmhe uirlisí a chur ar shiúl ina n-áiteanna cuí agus treoir a leanúint i dtaca le húsáid shábháilte uirlisí agus trealaimh. Cuimsíonn liosta Phóil focail agus pictiúir de nithe atá sábháilte agus de nithe atá contúirteach.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Phóil

# Ag Maireachtáil i bPobal

## Mír:
Dea-chaidrimh a fhorbairt

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

### Naisc leis an bpobal trí chéile trí *Meitheal*, córas páirtíochta

Tá córas *Meitheal* in áit sa scoil. Is córas páirtíochta é seo a gcuireann scoláirí sinsearacha isteach air agus faoina dtraenáiltear iad le bheith ina meantóirí. Déanann gach scoláire sinsearach cairdeas le grúpa beag scoláirí céad bhliana agus déanann meantóireacht orthu. Ceann de na réimsí is mó a mbaineann Pól tairbhe as is ea an club cluichí ag am lóin tríd an gcóras páirtíochta *Meitheal*. Tugann sé seo an seans do Phól meascadh lena phiaraí agus cur lena scileanna cumarsáide. Bíonn se ag súil gach lá lena am lóin leis na scoláirí eile. Nuair a chuirtear ceist air cad é is fearr leis faoin scoil, is é a déarfaidh sé, gan leisce dá laghad, 'cairde'. Is í an teagmháil sin leis na scoláirí eile an ghné is mó sásamh dá thaithí scoile.

# **Mír:** Áiseanna áitiúla a úsáid

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

## Áiteanna so-aitheanta a aithint

Clúdaítear treodóireacht thart ar fhoirgneamh na scoile do gach scoláire i ranganna OSPS ag tús na scoilbhliana. Cleachtann a mhúinteoirí é seo le Pól agus tugann siad tacaíocht bhreise dó. Agus é an déanamh turais thart ar an bhfoirgneamh ag cur i gcrích tascanna difriúla gach uair, méadaíonn ar a mhuinín. Chun cabhrú leis, greamaíodh leathanach daite lannaithe, ag freagairt do dhath na ndoirse ar na ceithre dhorchla, le doras gach seomra ranga a úsáideann Pól agus freisin ag ionaid straitéiseacha ar na dorchlaí ina gcaithfidh Pól cinneadh a dhéanamh tiontú. Ag am sosa bíonn sé iontach bródúil imeacht leis i mbéal a chinn chuig an cheaintín gan tionlacan. Tá ríméad ar a thuismitheoirí faoin neamhspleáchas nua seo agus é bheith ar a shuaimhneas faoin scoil. Aithníonn Pól é féin gur rud an-mhór ina chuid foghlama é i mbliana 'mo bhealach a dhéanamh thart ar an scoil'.

## Páirt a ghlacadh i dtionscadal pobail atá scoilbhunaithe

Tá baint ag Pól i dtionscadal traschuraclaim ar Phobal ina cheantar áitiúil agus baineann sé seo leis na hábhair seo a leanas - OSPS, OSSP agus Tíreolaíocht. Sa Tíreolaíocht, déanann Pól amach mapa den cheantar áitiúil ina n-aimsíonn sé a phobal scoile agus a chomharsanacht. San obair tionscadail s'aige ar an bpobal breathnaítear ar an gceantar áitiúil agus ar na heagraíochtaí atá ina gcuidiú ag daoine sa cheantar. Is páirt dá chuid oibre sa tionscadal seo cuairt a thabhairt ar an leabharlann áitiúil agus ar an bhFiontar Óige (club). Le linn na cuairte buaileann sé le príomhoifigeach san eagraíocht agus glacann grianghraif de na foirgnimh le cur ina phunann.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Phóil

# Cúram pearsanta

Lorgaíodh comhairle ón síceolaí ag an scoil speisialta áitiúil maidir le mír na gcaidreamh agus na gnéasachta. D'iarr tuismitheoirí Phóil an ghné seo a láimhseáil iad féin.

## **Mír:** Fios bheith aige conas fanacht slán

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

### Sábháilteacht phearsanta

Ina chuid ranganna OSPS, pléitear an ceart atá ag duine ar shábháilteacht phearsanta. Ag úsáid réimse cásanna difriúla dó, tarraingíonn Pól daoine cipíneacha chun cur síos a dhéanamh ar cad is cóir tarlú an chéad rud eile. Úsáidtear cártaí cnámha scéil sa rang freisin, chomh maith le rólimirtí ar conas a thiocfadh le duine déileáil le cás ar leith.

Úsáidtear breathnú múinteora agus piara i réimse de na ATFnna mar shampla rannpháirtíocht Phóil sa chlár *Meitheal*.

### Príomhthascanna / gníomhaíochtaí measúnaithe mar fhianaise ar fhoghlaim

Taitníonn dúshláin le Pól agus is breá leis nuair a éiríonn leis. Mar sin de cruthaítear deiseanna chun freagairt dá dhul chun cinn agus chun a éachtaí foghlama a aithint. Amharctar go dearfach ar aon deacracht a bhíonn aige, mar a bheadh deiseanna ann chun rud éigin nua a fhoghlaim. Faightear thíos roinnt samplaí ó shaol scoile Phóil.

Sa Mhatamaitic, dhear an múinteoir bileoga oibre difreáilte a ligeann do Phól bogadh ó cheist go ceist, ag fáil aiseolais óna mhúinteoir de réir mar a bhíonn sé sin ag teastáil uaidh.

Tugann a chuid oibre ar na cláir léitheoireachta ríomhchuidithe freagraí láithreacha dó ar obair atá críochnaithe aige, a ligeann dó breathnú siar, nó a chuid freagraí a leasú mar is cuí.

Tríd an dialann léitheoireachta a úsáid taifeadtar obair Phóil sa léitheoireacht ar bhonn laethúil agus éascaíonn sé sin baint dhíreach a thuismitheoirí lena chlár léitheoireachta.

Is í obair phunainne Phóil príomhfhianaise a chuid foghlama. Athbhreithníonn sé a phunann lena chuid piaraí le linn am acmhainní an ghrúpa. Bíonn athbhreithniú aonair ann freisin lena mhúinteoir acmhainní. Bíonn deis ag tuismitheoirí Phóil breathnú ar a phunann le linn cruinnithe PODA agus cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí. Tá an obair a chlúdaigh Pól ina chlár foghlama á húsáid faoi láthair mar fhianaise ar fhoghlaim don ghradam nua New Horizon de chuid ASDAN.

## Roinnt machnaimh ar an gclár foghlama

Ó tharla gurbh é seo an chéad uair a bhí scoláire ag an scoil a raibh próifíl Phóil aige, ba dhúshlán acu é clár foghlama a eagrú dó. Thug na treoirlínte struchtúr dóibh le bheith ag obair uaidh. Tugadh aghaidh i gclár foghlama Phóil ar na spriocanna tosaigh foghlama a bhí luaite ina PODA.

Rinneadh an obair phleanála thart ar chlár foghlama Phóil a nascadh go maith lena PODA. Bhí sé indéanta freisin a dhúil mhór sa cheol agus i spóirt agus a shuim i ndaoine a aithint agus tógáil orthu sin le linn obair a phleanáil dá chuid ATFnna.

Bhí go leor comhoibrithe i gceist chun múinteoirí ábhar Phóil a fháil chun nascadh leis an gclár foghlama, nó ba mhó na deiseanna a thug roinnt ábhar chun na ATFnna a fhorbairt ná a chéile. I ranganna ina bhfuil cumas measctha chuir múinteoirí cás Phóil san áireamh sa teagasc agus san fhoghlaim chomh maith agus ab fhéidir leo. Ba mhór an gar é níos mó samplaí bheith ann den chaoi chun na ATFnna a chomhtháthú le ranganna ábhar na Sraithe Sóisearaí. Is ról an-tábhachtach atá ag an CRS ag tacú le baint agus le suim Phóil san obair. Éascaíonn an teagmháil laethúil idir an CRS agus na múinteoirí ábhar aiseolas bheith á roinnt idir an dá thaobh ar dhul chun cinn Phóil.

Bhí baint na dtuismitheoirí sa scéal tábhachtach do rath an chláir. Thug tuismitheoirí Phóil tacaíocht don obair agus creideann siad go ndearna an scoil clár aonair a d'fhóir go maith dó. Mhothaigh siad go raibh imní áirithe ar an dá thaobh ag tús na scoilbhliana ach bhí áthas orthu faoin méid a rinne an scoil, chun dul i gcomhairle leo. Tá siad sásta leis an éagsúlacht oibre atá ar fáil do Phól. Luaigh siad gur breá leis rudaí nua a fhoghlaim agus go dtaitníonn sé leis labhairt orthu sa bhaile.

Thug tuismitheoirí Phóil tacaíocht don obair agus creideann siad go ndearna an scoil clár aonair a d'fhóir go maith dó.

San Eolaíocht taitníonn na turgnaimh go mór leis. Is féidir leis an trealamh a aimsiú agus bheith ag obair i gcomhar le beirt scoláirí eile chun turgnamh a dhéanamh. Bíonn sé an-tógtha le meascadh na gceimiceán a dtarlaíonn athrú datha dóibh. Agus iad ag scríobh amach an turgnaimh is é an tasc a bhíonn aige an líníocht den ghaireas a dhathú isteach.

Tá cuid tuismitheoirí Phóil an-dearfach faoin oiread muiníne a tháinig air i mbliana. Ba mhór a chuidigh sé le cuid scileanna cumarsáide agus sóisialta Phóil clár foghlama bheith aige a dhírigh an fhoghlaim ar ghné na cumarsáide.

Ag an am céanna dar leo go bhfuil an fhoghlaim dúshlánach go leor dó agus go bhféadfadh brú ar bith breise cur i gcoinne na foghlama. Is ábhar buartha é seo ag an múinteoir acmhainní freisin mar, cé go luíonn na gníomhaíochtaí laistigh de na ATFnna go maith leis na hábhair ranga sa tsraith shóisearach sa chéad bhliain, tá imní ar an múinteoir go mb'fhéidir nach amhlaidh a bheidh sa dara agus sa tríú bliain agus an obair ag dul i gcastacht. Don bhliain atá ag teacht, tá an scoil ag fiosrú na féidearthachta go ndéanfadh Pól ceangal níos foirmiúla le scoil speisialta áitiúil, lá amháin sa tseachtain, mar shampla, chun obair a dhéanamh ar roinnt ATFnna ar leith.

# **Clár foghlama 2:** Fióna (scoil speisialta)

## Intreoir

Is scoláire trí bliana déag d'aois í Fióna a fhreastalaíonn ar roinn na sraithe sóisearaí de scoil speisialta. Tá cúigear siblíní eile ag Fióna atá níos sine ná í, agus is aintín í, arb aoibhinn léi a mbíonn ar siúl ag a cuid neachtanna agus nianna. Tá suim aici sa cheol, damhsa, faisean na scannán agus réaltaí scannán. Is snámhaí líofa í a dhéanann ionadaíocht ar son na scoile i gcomórtais. Tá scoth-thinreamh aici ar scoil.

Lasmuigh den scoil is breá léi casadh lena cairde, siopadóireacht a dhéanamh lena teaghlach agus thar aon rud eile bheith ag dul chuig ceolchoirmeacha. Feidhmíonn sí laistigh den raon meánach de mhíchumais foghlama ghinearálta agus tá diagnóis Siondróm Down aici. Is féidir le Fióna cumarsáid réasúnta maith a dhéanamh ó bhéal. Diagnóisíodh Fióna ar na mallaibh le Diaibéiteas cineál 1 agus tá sí ag foghlaim conas déileáil leis an tinneas seo. Deir sí, 'faoin uair a fhágfaidh sí an scoil "Ba mhaith liom post a fháil agus mo chuid airgid féin a thuilleamh".

> Sa scoil seo teagasctar comharthaíocht Lámh (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann) do gach scoláire agus úsáidtear í i gcuideachta gach cumarsáide ó bhéal sa scoil ionas go mbíonn gach scoláire san áireamh agus go dtuigeann siad cad atá ag tarlú.

Soláthraíonn an scoil speisialta a mbíonn Fióna ag freastal uirthi timpeallacht foghlama do scoláirí le míchumais foghlama ghinearálta sna raonta meánach, géar agus trom lena n-áirítear scoláirí le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD). Chun go mbraithfeadh scoláirí dul chun cinn áirithe sa chóras tá trí phríomhroinn inti, bunscoil, an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach. Tá ochtar scoláirí i rang na sraithe sóisearaí. Déanann rang sraith shóisearach Fhióna seacht n-ábhair: Béarla, Matamaitic, Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Eacnamaíocht Bhaile, Corpoideachas, Ceol agus Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh chomh maith le dhá thréimhse dhúbailte sa tseachtain chun tabhairt faoi thopaicí sa Stair, Tíreolaíocht agus Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP). Cé gur sainíodh go bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach ag na scoláirí go léir, tá cumais aonair éagsúla acu. Is féidir le triúr scoláirí, mar shampla, Fióna san áireamh, Roinnt ábhar téacs a léamh, agus cé go bhfuil bunfhoclóir súilaithne ag an gcúigear eile, bíonn deacrachtaí acu léamh.

Sa scoil seo teagasctar comharthaíocht Lámh (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann) do gach scoláire agus úsáidtear í i gcuideachta gach cumarsáide ó bhéal sa scoil ionas go mbíonn gach scoláire san áireamh agus go dtuigeann siad cad atá ag tarlú.

## Foghlaim phearsantaithe

Sainíonn PODA Fhióna a cuid láidreachtaí, riachtanas, buanna agus suimeanna agus is é sin is bonn le clár oiriúnach foghlama a cheapadh di. Trí huaire sa bhliain, tagann múinteoir ranga Fhióna, Fióna í féin, a cuid tuismitheoirí, an CRS a oibríonn léi ina grúpa ranga agus na teiripeoirí cuí (teiripeoir urlabhra agus teanga, fisiteiripeoir agus teiripeoir saothair) le chéile chun a PODA a phlé. Tá achoimre ar an tábla thíos den fhaisnéis óna PODA a leagann amach a bonnlíne foghlama do thús na scoilbhliana.

## Achoimre an PODA

| | |
|---|---|
| **Cuid cumas, scileanna, buanna agus suimeanna Fhióna** | • tá sí sochaideartha, cairdiúil, geanúil agus cineálta<br>• taitníonn ceol agus canadh i micreafón léi<br>• is snámhaí díocasach í – a rinne ionadaíocht ar son na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta<br>• taitníonn buíonta buachaillí léi (Boyzone), siopadóireacht, smideadh, gruaig agus ingne, éadaí, irisí faisin<br>• tá suim aici i mbuachaillí agus buachaill bheith aici féin |
| **Cumarsáid** | • is féidir léi comhrá a thosú agus a fhorbairt agus í féin a chur in iúl i gcónaí<br>• is féidir léi abairtí 4-5 focal a chruthú, ag úsáid foclóir cuí agus is féidir léi teachtaireacht a thabhairt<br>• déanann sí teagmháil mhaith súl<br>• éiríonn sí ciúin agus cúlánta má bhíonn ceist róchasta, deir sí 'sea' mura bhfuil a fhios aici an freagra ar rud |
| **Litearthacht** | • is féidir léi abairtí simplí a léamh<br>• tá foclóir de 100 focal nó mar sin aici<br>• is féidir léi mórchuid na bhfocal 4-litir a léamh, ag brath ar fhuaim an chéad chonsain, comhthéacs agus leideanna amhairc<br>• scríobhann sí go néata (bhain sí comórtas náisiúnta peannaireachta) is féidir léi a hainm a scríobh, ach tá deacrachtaí aici lena seoladh<br>• is féidir léi abairtí simplí a scríobh – *Is mise Fióna Ní Mhurchú. Is cailín mé.* |
| **Uimhearthacht** | • is eol di uimhreacha ó 1-20<br>• is féidir léi uimhreacha singil a shuimiú agus a dhealú ag úsáid na huimhirlíne<br>• is féidir léi an uair a léamh ar chlog analógach<br>• aithníonn sí gach bonn, €5, €10, €20, ach ní féidir léi airgead a úsáid go cruinn agus í ag siopadóireacht<br>• thosaigh sí a úsáid áireamháin le haghaidh oibríochtaí bunúsacha mata |
| **Cúram pearsanta** | • ní deir sí i gcónaí nuair a bhíonn sí i bpian<br>• tugadh fáthmheas le déanaí go bhfuil diaibéiteas uirthi, mar sin de caithfidh sí foghlaim chun féinmhonatóireacht a dhéanamh |
| **Ag Maireachtáil i bPobal** | • taitníonn póstaí teaghlaigh léi, cóisirí agus dioscónna áitiúla<br>• in amanna tugann sí barróga mí-oiriúnacha do dhaoine<br>• b'fhéidir nach gcuireann sí a cuid mothúchán ná riachtanas in iúl go leor |
| **Ag Ullmhú don Obair** | • ba mhaith le Fióna post a fháil agus a cuid airgid féin a thuilleamh<br>• níl sí ábalta taisteal léi féin go neamhspleách isteach ar an mbaile mór |

Tá cur chuige comhoibríoch i bhfeidhm chun clár foghlama Fhióna a phleanáil, a fhorbairt agus a mheas atá faoi threoir mhúinteoir ranga Fhióna. Roghnaítear na míreanna seo a leanas ó na ATFnna ar na cinn is ábhartha d'Fhióna bunaithe ar a riachtanais agus a láidreachtaí.

## Léargas ar Chlár Foghlama Fhióna

| Aonaid Tosaíochta Foghlama | Míreanna | Ábhair sa tsraith shóisearach/ gníomhaíochtaí scoile |
|---|---|---|
| **Cumarsáid agus litearthacht** | • Ag léamh chun teacht ar bhuneolas<br>• Réimse cineálacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl | Béarla agus gach ábhar |
| **Uimhearthacht** | • Feasacht ar am a fhorbairt | Matamaitic, Eacnamaíocht Bhaile agus gach ábhar |
| **Cúram pearsanta** | • Stíl mhaireachtála shláintiúil a fhorbairt | Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, OSPS, gach ábhar |
| **Ag maireachtáil i bpobal** | • Cabhair agus comhairle a lorg | OSPS, gach ábhar, ag obair le banaltra na scoile |
| **Ag ullmhú don obair** | • Ag fáil amach faoin obair | Eacnamaíocht Bhaile agus Tíreolaíocht |

## Teagasc agus foghlaim

### Difreáil

Tarlaíonn an chuid is mó d'eispéiris foghlama scoile Fhióna ina bunseomra ranga, mar a mbíonn scoláirí ag obair mar rang iomlán, i ngrúpaí beaga, agus go neamhspleách, mar is cuí dá bhfoghlaim agus ag am áirithe ar bith. Is iad a cuid suimeanna agus buanna is bonn lena lán dá cuid eispéireas foghlama pleanáilte. Creideann tuismitheoirí, múinteoirí agus teiripeoirí Fhióna go gcabhraíonn struchtúir amhairc mar scafláil ina cuid foghlama, mar sin de fitear iad sin isteach sa teagasc a dhéantar le Fiona. Chun go mbainfidh sí amach barr feabhais ina cuid foghlama is fearr a oibríonn cuir chuige atá struchtúrtha agus céimnithe go maith.

### TFC a úsáid

Úsáidtear TFC chun tacú leis an bhfoghlaim agus chun breis feidhmeanna a sholáthar dá heispéiris foghlama, agus tá sé seo ina chabhair an-mhór ag Fióna, as siocair é bheith bunaithe ar an amharc, agus ilchéadfach. Tugann sé sin neamhspleáchas di freisin agus rogha i dtaca lena cuid gníomhaíochtaí foghlama agus tacaíonn sé leis an gcomhoibriú lena cuid piaraí ranga.

### An fhoghlaim a aistriú

Cé go maireann gach tréimhse ábhair 30 nóiméad, bíonn múinteoir ranga Fhióna ag aimsiú, ag pleanáil le haghaidh, agus ag baint tairbhe as a lán deiseanna go minic i rith an lae scoile chun an fhoghlaim a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm di féin agus dá cuid cairde trasna an churaclaim. Éascaítear feidhmeanna eile san fhoghlaim trí ghníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha, amhail úsáid a bhaint go rialta (go seachtainiúil go minic) as siopa na scoile, ollmhargaí áitiúla, an linn snámha, an leabharlann, ionaid gharraíodóireachta, agus an caife áitiúil. Deis eile foghlama sa bhreis orthu sin ar fad is ea an taithí agus an bua a fuair Fióna i mórshuíomh pobail na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, a thug comhthéacsanna éagsúla di chun a cuid ATFnna a chur i bhfeidhm.

### An fhoghlaim a nascadh leis an bpobal trí chéile

Fáiltíonn scoil Fhióna roimh an teagmháil leis an bpobal mór comharsanachta. I measc na ndeiseanna for-rochtana a bhíonn ann go minic agus go leanúnach áirítear laethanta oscailte, imeachtaí ceiliúrtha, cuairteanna lae, turais, agus ócáidí spóirt. Tá an-bhaint ag an scoil in ullmhúchán scoláirí do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Le blianta beaga anuas shocraigh an scoil seo nasc le hiar-bhunscoil áitiúil, a ligeann dá scoláirí idirbhliana baint bheith acu le roinnt de na gníomhaíochtaí sa scoil speisialta, le linn cuairteanna pleanáilte seachtainiúla. Ansin tugann rang Fhióna cuairt ar an iar-bhunscoil le linn an dara téarma chun comhoibriú leo i ngníomhaíocht idirbhliana – anuraidh rinne siad déantán i rang Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), agus i mbliana tá siad bainteach le clár ceoil, chun canadh agus rithim a fhiosrú.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fhióna

# Uimhearthacht

## Mír:
Feasacht ar am a fhorbairt

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Pléitear go díreach le linn ranganna Matamaitice, agus go neamhfhoirmiúil i rith an lae scoile, le teagasc agus foghlaim an ama i dtaca le ceathrú tar éis, ceathrú chun agus leathuair tar éis/chun. Tá foghlaim an ama nasctha le codáin, ag filleadh cruthanna ciorclacha agus eile faoi dhó, agus faoi cheathair, agus ag rianú na línte fillte. Nasctar na línte fillte seo ansin le hionaid na lámh ar aghaidh an chloig. Foghlaimíonn scoláirí chun na lámha a bhogadh de réir na bhfillte atá acu sa pháipéar. Tá clog oibre ag gach seomra ranga, agus úsáideann an múinteoir aghaidheanna analógacha beaga agus móra chun cabhrú leis na scoláirí ina gcuid foghlama. Tosaítear an Tionól ar 9.30am gach lá, tosaítear roinnt ranganna ar ceathrú go dtí an uair agus dírítear aird na scoláirí ar na hamanna seo. Tá clog mór analógach sa phroinnteach, agus tarraingítear aird Fhióna air seo gach lá. Nascann sé sin freisin le hEacnamaíocht Bhaile – ag gearradh tósta ina dhá leath, agus ag roinnt císte nó píotsa ina gceathrúna. Chun turais a phleanáil chuig an bpictiúrlann nó an mbanc is gá bheith ábalta amanna tosaithe agus oscailte a aithint. Tugann siad sin freisin an deis chun ceist a chur cá fhad a ghlacfaidh an turas agus amanna imeachta agus fillte. Tá spéis mhór ag Fióna ina cuid amanna snámha, agus iad sin a thaifead, ag nótáil na ndifríochtaí ina feidhmíocht ó bhabhta amháin go chéile agus cabhraíonn siad léi coincheap na n-eatramh difriúil ama a fhorbairt. Bíonn deiseanna aici freisin chun an t-am a fhoghlaim agus í ag leanúint sceideal TF don tsraith theilifíse is fearr léi.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fhióna

# Cúram pearsanta

## **Mír:** Stíl Mhaireachtála Shláintiúil a fhorbairt

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Cuireann an snámh seachtainiúil agus gníomhaíochtaí eile foirne agus aonair lena cuid cairde ranga le linn CO, cuireann siad lena roghanna de stíl mhaith mhaireachtála. Le linn an CO coinníonn an rang dialann aclaíochta, agus spreagtar scoláirí chun aclaíocht a scríobh isteach a dhéanann siad lasmuigh den rang CO. Tá an scoil páirteach i sraith Idir-Scoileanna agus mar sin de bíonn deiseanna ann bheith ag imirt le foirne agus le scoileanna eile freisin. Tugann súgradh agus aclaíocht am lóin deiseanna eile arís.

### A staid mhothúchánach agus fhisiceach a chur in iúl

Cabhraíonn scéalta sóisialta, rólimirtí agus leidchártaí pictiúrtha le linn ranganna OSPS, cabhraíonn siad le Fióna a cuid mothúchán, idir fhisiceach agus mhothúchánach, a chur in iúl. Cuireann an múinteoir OSPS ceisteanna amhail 'Cad é a dhéanann tú má ...?' Cothaítear deiseanna chun a cuid mothúchán fisiceach agus mothúchánach a aithint agus a chur in iúl i rith an lae scoile.

### Leas Fhióna

Le cúnamh bhanaltra na scoile, a úsáideann seicheamh pictiúrtha agus rólimirt, bíonn Fióna ag foghlaim conas a cuid leibhéal siúcra fola a thástáil. Nuair a bhíonn sé de dhíth uirthi, téann sí chuig seomra na banaltra agus iarrann a gaireas monatóireachta diaibéitis agus le beagán cuidithe tástálann sí a cuid leibhéal glúcós féin, agus foghlaimíonn tábhacht an toraidh.

### Bia sláintiúil

Pléitear go sonrach le bia sláintiúil sa rang Eacnamaíocht Bhaile gach maidin Déardaoin. Foghlaimíonn Fióna faoi roghanna maithe bia lena linn seo, an chaoi chun bia a ullmhú, ag leanúint treoir céim ar chéim, mar shampla, chun ispíní a ghriolladh – ag dul chun an tsiopa lena gceannach, ag seiceáil an dáta, ag cur na n-ispíní sa chuisneoir agus í ag ullmhú don chócaireacht agus dá réir sin. Sa cheaintín ag an gclub bricfeasta agus ag am lóin, bíonn deiseanna ag Fióna an méid a d'fhoghlaim sí faoi bhia sláintiúil a aistriú, agus faigheann sí tacaíocht chun roghanna maithe itheacháin a dhéanamh.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fhióna

# Ag Maireachtáil i bPobal

## **Mír:** Cabhair agus comhairle a lorg

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Cé go ndéantar an réimse seo a fhiosrú trí shiollabas an OSPS ina lán topaicí ar a n-áirítear 'Scileanna cumarsáide', 'Cairdeas, caidreamh agus gnéasacht', agus 'Sláinte mhothúchánach', tugann gach réimse curaclaim agus eispéireas scoile deiseanna chun cabhair agus tacaíocht a iarraidh. Sa rang OSPS is minic a úsáidtear modhanna amhail scéalta sóisialta agus rólimirt chun an fhoghlaim sa réimse seo a éascú. Cuimsíonn siad sin a lán cásanna éagsúla a thiteann amach laistigh agus lasmuigh den scoil. Spreagann na gníomhaíochtaí seo plé saibhir ar na roghanna a bhíonn ag duine i suíomhanna difriúla, an tacaíocht a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ó dhuine agus an chaoi chun déileáil leo. Úsáidtear réimse leidcheisteanna sa phlé 'Cad a dhéanfá dá …?

**Múinteoir:** Cad a dhéanfá dá mbeifeá i Stór G agus gur éirigh tú caillte?

**Fióna:** Gan éirí corraithe, ceist a chur ar bhall foirne.

**Múinteoir:** Conas a d'aithneofá ball foirne?

Is cás fíorshaoil d'Fhióna a cuid Diaibéitis a bhainistiú, agus í ag iarraidh cabhrach chun monatóireacht a dhéanamh ar a cuid leibhéal glúcós.

Sa dara téarma, cabhraíonn scéalta sóisialta, rólimirtí agus leidchártaí pictiúrtha le linn ranganna OSPS le Fióna a cuid mothúchán, idir fhisiceach agus mhothúchánach, a chur in iúl. Cuireann an múinteoir OSPS ceisteanna ar nós 'Cad a dhéanfá dá …?' Cothaítear deiseanna di i rith an lae chun a cuid mothúchán fisiceach agus mothúchánach a aithint agus a chur in iúl.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fhióna

# Ag Ullmhú don Obair

## **Mír:** Ag fáil amach faoin obair

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Le linn na scoilbhliana téann Fióna agus a rang ar cuairt chuig ionaid éagsúla bhreisoideachais agus ghairmoideachais. Ó na cuairteanna seo, féadann scoláirí roghanna breisoideachais a dhéanamh don uair a fhágfaidh siad an scoil. Chomh dócha lena mhalairt beidh ar Fhióna bheith ábalta bus a ghlacadh isteach sa bhaile mór chun dul ag obair. Mar sin de, tá na hullmhúcháin á ndéanamh, trí obair mhapa, plé ar shainchomharthaí tíre sa rang Tíreolaíochta, agus ina dhiaidh sin turais tacaithe isteach ar an mbaile mór. Sa rang taispeántar d'Fhióna an bealach chuig oifig an phoist ar léarscáil, a aibhsíonn sí, ag nótáil na sainchomharthaí so-aitheanta – mar shampla na soilse tráchta nó siopaí áirithe.

Glacann scoláirí pictiúir dhigiteacha den bhealach agus príomh-shainchomharthaí tíre ón stad bus go dtí oifig an phoist. Nuair a bhaineann siad an scoil amach arís déantar iad sin a phriontáil, agus cuirtear lena mapaí féin iad, agus is féidir iad a úsáid ar a gcéad turas eile. Le himeacht aimsire, ar an gcaoi seo, foghlaimeoidh Fióna chun a bealach a aimsiú chuig áiseanna difriúla sa bhaile mór m.sh. an leabharlann áitiúil, an linn snámha.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fhióna

# Cumarsáid agus litearthacht

## **Mír:** Ag léamh chun buneolas a fháil

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Léann Fióna sraith ghearrscéalta a fhorbraíonn a cumas tuisceana agus aithint focal. Is féidir léi cur síos a dhéanamh ar conas a chuaigh an scéal ag úsáid pictiúr mar leideanna. Uaireanta tarraingíonn sí pictiúir chun a chur in iúl conas atá scéal ag dul. Baintear úsáid as an spéis atá ag Fióna i scannáin agus i réaltaí scannán chun ábhar léitheoireachta a sholáthar di. Tiomsaíonn Fióna gearrtháin irise de phictiúir ábhartha i dtionscadal ar na hamhránaithe nó na réaltaí scannán is fearr léi. Úsáidtear iad seo chomh maith chun breathnú ar earraí éagsúla a fhógraítear, agus na húsáidí atá leo.

Sa scoil is comharthaí agus siombailí idirnáisiúnta iad na siombailí go léir do na leithris, na slite éalaithe agus araile, agus cuirtear iad os cionn nó ar na doirse cuí. Sa rang di, meaitseálann Fióna na comharthaí leis na focail chomhfhreagracha agus míníonn sí an bhrí atá leo ag úsáid réimse pictiúr.

# **Mír:** Réimse cineálacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Téann Fióna chuig an mbanc lena cairde ón rang agus líonann siad amach roinnt foirmeacha bainc ansin, m. sh. ag lóisteáil nó ag aistarraingt airgid óna gcuid cuntas. Sa rang Béarla ar scoil foghlaimíonn Fióna an leagan amach a bhíonn ar sheoladh ar chlúdaigh litreach agus cártaí poist. Cuireann an rang seoltaí ar chlúdaigh le haghaidh cártaí breithlae agus Nollag. I measc gníomhaíochtaí eile a dhéanann siad, áirítear teachtaireachtaí gearra a scríobh ar chártaí poist chuig a dteaghlach agus áit a chur in áirithe ar líne le haghaidh coirm cheoil ar mian léi freastal uirthi, foirm iontrála a chomhlánú chun cur isteach ar chomórtais, amhail an comórtas peannaireachta idirscoile, nó chun cur isteach ar a cuid imeachtaí sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Tá gníomhaíochtaí scríbhneoireachta eile ann a bhunaítear ar chlár léitheoireachta Fhióna. Tugann sí faoina lán tascanna scríbhneoireachta ag úsáid bogearra cuidithe a táirgeadh ar bhonn tráchtála.

Ó tharla go bhfuil sí splanctha i ndiaidh ceoltóirí agus réaltaí scannán tugann siad sin comhthéacsanna saibhre le haghaidh cumarsáid phearsanta scríofa, ag úsáid pictiúir dhigiteacha, ailt agus grianghraif irisí. Amharcann Fióna ar scannán lena grúpa ranga agus tugann sin spreagthach eile di ina cuid scríbhneoireachta.

## Gnóthachtáil a aithint

Pléann Fióna agus a múinteoir a smaointe ar conas a thiocfadh léi dul chun cinn a dhéanamh. Déanann siad seiceáil ar chuspóir a cuid foghlama agus conas a chomhlíonann a cuid foghlama an cuspóir sin. Spreagtar féinmheastóireacht, go háirithe trí sheisiúin cheisteanna agus freagraí, amhail:

*Conas a shíleann tú a d'éirigh linn? Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh an chéad uair eile?*

## Príomhthascanna/gníomhaíochtaí measúnaithe le haghaidh fianaise ar fhoghlaim

Is breá le Fióna aiseolas agus spreagadh a fháil agus tuairim bheith aici ar a fheabhas atá ag éirí léi. Is cúis mhór bhróid di a punann oibre atá ag fás léi de réir a chéile, agus is aoibhinn léi an obair atá curtha i gcrích aici a thaispeáint ag seisiúin athbhreithnithe agus ar ócáidí eile. Bíonn faill ag a tuismitheoirí breathnú ar phunann Fhióna le linn cruinnithe PODA agus cruinnithe múinteoirí/tuismitheoirí. Rianaítear a dul chun cinn ar an gclár léitheoireachta ríomhchuidithe do gach rannóg chomhlánaithe, ar féidir le Fióna iad a rochtain agus a mhíniú. Is féidir léi tascanna agus ceachtanna a leasú agus a athchur isteach, agus mar sin feiceann sí di féin an dul chun cinn atá sí a dhéanamh, nó aithníonn sí cá bhfuil an earráid agus ceartaíonn í. Tá Fióna ag foghlaim freisin conas cairteacha na banaltra ar a cuid diaibéitis a léirmhíniú, agus tuigeann sí níos fearr anois tábhacht a cuid torthaí.

## Roinnt machnaimh ar an gclár foghlama

Tugann clár foghlama Fhióna struchtúr di agus modh chun aghaidh a thabhairt ar a cuid riachtanas agus láidreachtaí atá leagtha amach ina PODA. Athbhreithnítear a clár foghlama agus a PODA uair sa mhí trí thuairiscí míosúla a múinteora. Cé gur chun freastal go príomha ar chuid riachtanais Fhióna atá an clár foghlama, oireann a lán de na gníomhaíochtaí chun na ATFnna a fhorbairt dá grúpa ranga freisin. Faoi láthair tá Fióna agus a piaraí ranga ag obair i dtreo Theastas FETAC san Fhoghlaim Ghinearálta ag Leibhéal 2. Chuidigh a lán den obair a clúdaíodh in ATFnna Fhióna leis an ngradam Leibhéal 2 seo de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna a bhaint amach.

> Agus múinteoirí éagsúla bheith ag Fióna ina saol scoile daingnítear an smaoineamh go bhfuil sí ag déanamh na hoibre céanna lena cuid piaraí a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoileanna príomhshrutha.

D'éirigh Fióna i bhfad níos neamhspleáiche ó thosaigh sí a clár foghlama. Is mór go háirithe mar a d'fhás a cumas chun a bealach a dhéanamh thart ar an mbaile mór.

Is fearr a iarrann Fióna anois cabhair chun a cuid leibhéal siúcra fola a bhainistiú. Nasc an clár foghlama cuid foghlama Fhióna lena saol féin ar dhóigh an-réalaíoch dáiríre.

Chun clár foghlama Fhióna a fheabhsú níos mó arís b'iontach dá mbeadh múinteoir ann a mhúinfeadh Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus ba bhuntáiste é múinteoir Corpoideachais bheith ann freisin. Dá mbeadh múinteoirí sainábhar ann bheadh réimse níos mó deiseanna ag Fióna agus ag a cuid piaraí ranga chun na míreanna laistigh de na ATFnna a fhorbairt.

Agus múinteoirí éagsúla bheith ag Fióna ina saol scoile daingnítear an smaoineamh go bhfuil sí ag déanamh na hoibre céanna lena cuid piaraí a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoileanna príomhshrutha.

# **Clár foghlama 3:** Seán (iar-bhunscoil)

## Intreoir

Tá Seán 15 bliana d'aois, agus feidhmíonn sé laistigh den raon meánach de mhíchumais foghlama ghinearálta. Is ball de na Taistealaithe é agus cónaíonn se lena mháthair mhór ar thaobh a athar agus le beirt siblíní eile. Tá scoil Sheáin ina gairmscoil bheag tuaithe chomhoideachais de chuid DEIS ar a bhfreastalaíonn beagán thar 200 scoláire. Tairgeann an scoil an Teastas Sóisearach, Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS), an Teastas Sinsearach, an Teastas Sinsearach Feidhmeach agus cúrsaí iar-Theastas Sinsearach.

Eagraíonn an scoil na grúpaí ranga i suíomhanna cumas measctha. Is dalta sa dara bliain é Seán a bhfuil 24 scoláire ina rang. Tá a rang ag leanúint réimse ábhar sa Teastas Sóisearach, tá siad ag dul den CSTS. Chun cur le cuid foghlama Sheáin tá ríomhaire glúine agus bogearraí ar leith aige.

Tá a rang ag leanúint réimse ábhar sa Teastas Sóisearach, tá siad ag dul den CSTS. Chun cur le cuid foghlama Sheáin tá ríomhaire glúine agus bogearraí ar leith aige.


## Tá difreáil i bhfeidhm i gclár ama Sheáin

D'athraigh an múinteoir acmhainní clár ama an dara bliain chun foghlaim agus teagasc ATFnna Sheáin a chomhtháthú.

Is í an aidhm ata ann oibriú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, a chinntiú go dtarlaíonn a laghad aistarraingthe agus is féidir agus cuid foghlama Sheáin lena ghrúpa bliana a mhéadú oiread agus is féidir. Ó tharla díolúine bheith ag Seán ón nGaeilge, casann sé le linn ranganna Gaeilge lena mhúinteoir acmhainní agus a CRS chun a dhul chun cinn, na fadhbanna atá aige, agus réití féideartha a phlé agus chun an tseachtain atá le teacht a phleanáil. Úsáidtear an t-am seo freisin le haghaidh teagasc duine le duine ina chuid ATFnna. Úsáidtear sliotán am saor eile le haghaidh cuairteanna ón scoil isteach ar an mbaile mór, chun siopadóireacht a dhéanamh nó gníomhaíochtaí eile atá bainteach leis an gcuraclam. Seachas sin tarlaíonn cuid foghlama Sheáin sa phríomhsheomra ranga lena chuid comhscoláirí. Úsáidtear an sliotán Gaeilge/cultúrtha ar iarnóin eile le haghaidh seisiún beag grúpa le triúr eile a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu freisin agus dírítear ar staidéar cultúrtha agus áitiúil.

## Foghlaim phearsantaithe

Tríd an bpróiseas PODA, aithnítear cuid láidreachtaí agus dúshláin foghlama Sheáin agus is iad a chuireann bonn faoin rogha ATFnna a dhéantar dá chlár foghlama. Leagtar amach sa ghraf thíos cuid láidreachtaí agus dúshláin foghlama Sheáin mar a dhéantar cur síos orthu ina PODA.




Dúshláin foghlama
Scileanna matamaitice iontach bunúsach
Droch-chuimhne fhadtéarmach
Níl de scríbhneoireacht aige ach a ainm féin a scríobh
Níl se ábalta léamh go feidhmiúil, droch-chur chuige i leith focal agus drochscileanna fóineolaíochta aige

## Léargas ar Chlár foghlama Sheáin

Téitear i mbun clár foghlama Sheáin a dhearadh ar dhóigh chomhoibríoch, agus a mhúinteoir acmhainní, a CRS agus baill eile foirne ag obair leis.

| Aonaid Tosaíochta Foghlama | Míreanna | Ábhair sa tsraith shóisearach/ gníomhaíochtaí scoile |
|---|---|---|
| **Cumarsáid agus litearthacht** | • Ag léamh chun buneolas a fháil<br>• Ag úsáid réimse de chineálacha scríbhneoireachta chun tuairimí a chur in iúl | Béarla agus gach ábhar |
| **Uimhearthacht** | • Feasacht ar am a fhorbairt | Matamaitic, Staidéar Gnó |
| **Cúram pearsanta** | • Stíl mhaireachtála fholláin a fhorbairt | Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, OSPS, Eolaíocht, OSSP |
| **Ag maireachtáil i bpobal** | • Áiseanna áitiúla a úsáid | Gach ábhar, córas páirtíochta *Meitheal* |
| **Ag ullmhú don obair** | • Feasacht a fhorbairt ar shláinte agus ar shábháilteacht le linn trealamh a úsáid | Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) Eacnamaíocht Bhaile |

## Comhoibriú

Comhartha sóirt na scoile is ea an bhéim a chuirtear ar chomhoibriú, faoi threoir an phríomhoide agus na foirne bainistíochta, an comhordaitheoir riachtanais speisialta agus na ranna ábhar.

Casann an múinteoir acmhainní le gach múinteoir ábhair a phlé impleachtaí ATFnna Sheáin don ábhar acu, agus conas is fearr is féidir cuid foghlama Sheáin a éascú. Aontaíonn siad ar phunann a thógáil dó agus a chothabháil.

Cuireann cuairteanna ar a bhaile bonn faoin bpleanáil agus faoin athbhreithniú a bhaineann le clár foghlama Sheáin. Aontaíonn teaghlach Sheáin agus an múinteoir acmhainní ar chumarsáid a choimeád sa siúl chun tacú le cuid foghlama Sheáin ar scoil agus í a dhaingniú, trí chuairteanna chuig agus ón scoil, teileafón, téacsanna, agus trí shiurnal foghlama Sheáin.

Ar scoil, feictear eiseamláir den chomhoibriú idir a mhúinteoirí Béarla. Roinntear bliainghrúpa Sheáin ina dhá rang don Bhéarla. Oibríonn an dá mhúinteoir go dlúth le chéile ar a gclár ábhair, agus comhoibríonn siad chun imeachtaí a eagrú le haghaidh staidéar scannán, nó nuair a thagann scéalaí nó file áitiúil isteach ar cuairt. Téann an comhoibriú seo chomh fada le cohórt na ndaltaí. Reáchtálann scoil Sheáin clár freagrachta piaraí, amhail an Clár Deartháir Mór Deirfiúr Mhór (DMDM) agus léitheoireacht beirte.

Tá naisc mhaithe bunaithe ag an scoil freisin le seirbhísí eile a chuireann an CGO (BOO) ar fáil lena n-áirítear éascaíocht ar an aistriú chuig bunchláir oideachas aosach, YouthReach agus Scéimeanna Deiseanna Oiliúint Ghairme (VTOS).

## Teagasc agus foghlaim

### Foghlaim a nascadh leis an bpobal trí chéile

De réir chlár ama Sheáin bíonn dhá thuras aige lasmuigh den scoil sa tseachtain. Téann a mhúinteoir, CRS agus a ghrúpa beag comhscoláirí chuig suíomhanna áitiúla ina bhféadfaí foghlaim, amhail an banc agus oifig an phoist. Ó tharla a scoil bheith i suíomh uirbeach is iomaí deis a bhíonn ann chun comharthaí agus siombailí a fhoghlaim agus chun dea-iompar cuí a léiriú i suíomhanna éagsúla. Samplaí díobh sin is ea dul a lorg adhmaid le haghaidh a thionscadail adhmadóireachta agus dul chuig an reilig áitiúil a fhoghlaim faoin stair áitiúil. I measc naisc eile leis an bpobal áitiúil tá cuairteanna chun na scoile ó phearsanra An Fheidhmeannacht Seirbhísí Sláinte nó aíonna a labhraíonn leis na scoláirí ar oíche bhronnadh na ngradam. Bíonn fócas leanúnach sa scoil ar oidhreacht chultúrtha Sheáin mar bhall den lucht Taistil, agus cothaítear é sin trí idirghabhálacha a eagraítear do scoláirí Taistil go háitiúil.

### Ábhair ina mbíonn TFC lárnach

Sa Staidéar Gnó, úsáideann Seán áireamhán nuair a bhíonn sé ag obair le huimhreacha. Déanann múinteoir Sheáin fótachóip de bhuiséid agus de bhillí ón bhfíorshaol. Le beagán cuidithe, léann Seán an buiséad nó an bille agus ansin úsáideann sé an t-áireamhán chun na figiúirí a oibriú amach. Sa Mhatamaitic úsáideann sé a áireamhán chóir a bheith gach lá. Imríonn Seán agus a chairde sa rang leis cluichí gearra ar an idirlíon chun topaicí a theagasctar a dhaingniú. Bíonn spraoi ag baint leis an bhfoghlaim ar an gcaoi seo, mar is maith le Seán bheith ag obair ar an ríomhaire agus is rud é a thagann chuige níos réidhe ná an scríbhneoireacht. Úsáideann sé ríomhchluichí matamaitice freisin, idir chinn ata táirgthe ar bhonn tráchtála agus chinn a íoslódáiltear go saor ón idirlíon.

## TFC

Úsáideann Seán a ríomhaire glúine agus é ag obair ar thionscadail éagsúla agus nuair a bhíonn sé ag úsáid a bhogearraí oideachasúla i ranganna ábhair éagsúla. Baineann sé úsáid freisin as printéir agus scanóir agus as an idirlíon chun a chuid foghlama a threisiú ina chuid ranganna Ceoil, Béarla, Matamaitice agus Staidéar Gnó.

Téann Seán chuig a rang TFC atá ar a chlár ama uair sa tseachtain leis an chuid eile dá 24 comhscoláirí. Foghlaimítear sa rang seo conas clóscríobh, a chuidíonn lena scileanna litearthachta, uimhearthachta agus TFC. Taitníonn TFC le Seán agus bhí cur amach aige cheana ar roinnt de na crua-earraí agus de na bogearraí oideachasúla óna thaithí sa bhunscoil. Oibríonn sé ar an stuif chéanna sa rang lena chomhscoláirí ach ag luas níos moille. Feabhsaíonn Seán a litearthacht trí chlár a úsáideann bogearra saor ar líne. Sanntar áit do Sheán sa phlean suíocháin ranga. Caithfidh sé féin an ríomhaire a lasadh, ligean don chlár aimsithe víreas rith, a fhillteán a aimsiú agus a oscailt, an ceacht a leanúint, a chuid oibre a shábháil agus a ríomhaire a mhúchadh mar is ceart. Foghlaimíonn Seán an nós imeachta cuí trí na céimeanna céanna a leanúint i ngach rang.

Úsáideann sé próiseáil focal freisin i réimse tionscadail ghearra, dhear sé fógra mar shampla chun roinnt dá choileáin a dhíol. Is breá leis an idirlíon a úsáid chun íomhánna a lorg de mhadraí agus iarrann sé ar mhúinteoir nó ar scoláire eile taobh leis an téacs a théann leo a léamh. Aimsíonn sé íomhánna de mhadraí ar an idirlíon agus greamaíonn isteach i ndoiciméad Microsoft Word iad. Ceanglaítear bunfhocail choiteanna ansin leis na pictiúir. Is maith le Seán na leathanaigh a phriontáil amach agus a thabhairt abhaile lena dtaispeáint dá theaghlach.

Sa bhaint atá aige leis an teicneolaíocht bíonn sé ag plé freisin le hinnill níocháin, micreathonnta, agus oighinn, a dtagann Seán orthu uile agus a úsáideann sé arís is arís san Eacnamaíocht Bhaile. Úsáideann Seán an teicneolaíocht sa bhaile freisin. Ar a chuid turas amach lena mhúinteoir nó lena theaghlach bíonn faill ag Seán teicneolaíocht eile a úsáid amhail UMB (uathmheaisín bainc).

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Uimhearthacht

## Mír:
## Feasacht a fhorbairt ar Uimhreas

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Úsáideann Seán an chearnóg chéid chun cabhrú leis uimhreacha a aithint suas go 100. Uaireanta cuireann sé a chuid uimhreacha droim ar ais, mar sin de bíonn sé ag cleachtadh agus ag iarraidh breith air féin agus é féin a cheartú trí uimhreacha atá ar iarraidh a líonadh isteach i gcearnóga céid atá bearnaithe. Is féidir le Seán uimhreacha a shuimiú go 10 ar pháipéar agus úsáideann sé áireamhán d'uimhreacha atá níos mó. Tarraingíonn Seán uimhirlíne agus úsáideann í chun dealú agus suimiú a dhéanamh. Cleachtann sé a bhfuil foghlamtha aige ag úsáid bogearra a táirgeadh ar bhonn tráchtála agus íoslódálann a mhúinteoir roinnt cluichí matamaiticiúla agus bileoga oibre nascadh uimhreacha dó féin agus dá rang. Tá leibhéil éagsúla ann, mar sin de is féidir le Seán obair a dhéanamh ag leibhéal cuí agus a chuid piaraí ag obair ar a leibhéil féin.

Cuimsíonn an fhoghlaim sa réimse seo cúrsaí airgid, amhail boinn agus nótaí a aithint de réir uimhreach agus seachas sin, ag ríomh sóinseála, taighde ar chostas coileán srl.

### Foghlaim a aistriú

Is iomaí deis trasna an churaclaim chun an fhoghlaim i gcainníocht agus in uimhir a chur i bhfeidhm agus a aistriú, ina measc na hábhair Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Eolaíocht agus Staidéar Gnó.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Cumarsáid agus Litearthacht

## **Mír:** Ag léamh chun buneolas a fháil

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Baineann Seán tairbhe as modhanna teagaisc atá céimneach, athchleachtach, seasmhach agus struchtúrtha agus atá leabaithe i gcomhthéacsanna ón bhfíorshaol a bhfuil spéis aige iontu. Bíonn faill ag Seán leabhar a roghnú ar an lá léitheoireachta sa cheacht Béarla. Léann an múinteoir an teideal ar dtús agus fiafraítear de Sheán ansin cad é a shíleann sé a bhfuil an leabhar faoi. Spreagann pictiúir ar an gclúdach comhrá. Agus iad ag léamh, breathnaíonn an múinteoir agus Seán ar na pictiúir i dtús báire agus ansin léann siad an téacs. Amanna cuirtear béim ar fhocail a bhíonn ag teastáil ó Sheán sa ghnáthshaol, ach is í an léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr an phríomhaidhm. Tá na leabhair sa seomra Béarla ina dtéacsanna ardspéise ach ó aois léitheoireachta íseal. Leantar den phróiseas céanna do Sheán i gclár léitheoireacht beirte, le scoláire sinsearach deonach. Léann a aintín agus a dheirfiúr roinnt leabhair bhunúsacha a fhaigheann sé ar iasacht ón scoil. Úsáideann a lán de mhúinteoirí Sheáin cur chuige na n-eochairfhocal, ag teagasc roimh ré na bhfocal atá tábhachtach. Úsáideann Seán leabharmharc d'eochairfhocail, agus cuireann an múinteoir ar phóstaer balla iad.

## **Mír:** Ag úsáid réimse de chineálacha scríbhneoireachta chun tuairimí a chur in iúl

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Tá Seán ag díriú ar stór focal bunúsach an ghnáthshaoil ó liosta Dolch den bhunfhoclóir súilaithne, le cóid focail choiteanna feidhme. Is acmhainní úsáideacha iad ag Seán foirmeacha iarratais don scrúdú tiomána, foirmeacha cánach agus bainc, chun cabhrú leis foghlaim conas a ainm, a sheoladh, a dháta breithe a scríobh agus chun cabhrú leis eirí cleachta le doiciméid ón bhfíorshaol. Daingníonn sé a chuid foghlama nuair a athchleachtann sé gníomhaíochtaí amhail seoltaí a chur ar chlúdaigh, cártaí poist agus cártaí beannachta a scríobh. Úsáideann Seán a ríomhaire glúine ar bhonn laethúil. Tá bogearra scríbhneoireachta cuidithe a táirgeadh ar bhonn tráchtála aige a fhuaimníonn an téacs le linn dó bheith ag scríobh, agus ligeann sé sin dó scríobh agus freagairt do thascanna dá rogha féin agus de réir treorach óna mhúinteoirí. Úsáideann Seán an ríomhaire glúine ar feadh an lae.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Ag Maireachtáil i bPobal

## **Mír:** Áiseanna áitiúla a úsáid

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Is ball dá lán pobal é Seán, lena n-áirítear a phobal teaghlaigh, áitiúil, scoile, agus Taistealaí. Glacann se páirt i gclár meantóireachta a reáchtálann an scoil – an Scéim Deartháireacha Móra Deirfiúracha Móra (DMDM) mar a meaitseáiltear scoláire sinsearach meantóireachta le dalta céad nó dara bliain. Pléitear cuspóirí an chláir meantóireachta ag agallamh – cuimsíonn siad sin roinnt de spriocanna sóisialta agus cumarsáide Sheáin. Nuair a bheidh na meantóirí ceaptha casann na meantóirí agus na daltaí ar a chéile uair sa tseachtain le haghaidh lóin, faoi mhaoirseacht éascaitheoir an DMDM agus múinteora. Déanann Seán agus a mheantóir lón dóibh féin agus suíonn, itheann agus labhraíonn siad le chéile. Ansin imríonn siad cluichí le chéile m.sh. cártaí, cluiche boird nó éisteann siad le ceol i gcuideachta meantóirí agus daltaí eile. Léiríonn meantóir Sheáin iompar cuí sa ghrúpa. Tríd an gcairdeas uathúil seo le Seán, féadann a mheantóir comhairle a chur ar Sheán maidir lena iompar agus comhairle dhiscréideach a chur air i dtaca le hiompar atá mí-oiriúnach.

Ba ghnách le hathair mór Sheáin carbháin thraidisiúnta a dhéanamh. I ndiaidh dóibh mionphlé a dhéanamh sa rang chuartaigh Seán agus a chomhscoláirí carbháin thraidisiúnta Taistealaithe ar an idirlíon, chóipeáil siad na pictiúir, agus chruthaigh siad líníocht ag úsáid na bpictiúr mar shamhlacha. Is maith le Seán an líníocht mar shainchaitheamh aimsire chomh maith le líníocht ina rang Ealaíin, Ceardaíocht agus Dearadh. Sa chaoi seo nasctar a bhallraíocht pobail le gníomhaíocht phléisiúrtha, chruthaitheach só.

Cuirtear a chuid obair ealaíne ar taispeáint go minic, le hais cuid oibre a phiaraí sa seomra ealaíne. Cuirtear a chuid déantán i dTeicneolaíocht Abhar (Adhmad) ar taispeáint freisin agus tugtar aitheantas dóibh.

Mar chuid de staidéar na hÉireann/cultúrtha téann Seán agus a rang ar cuairt chuig an reilig áitiúil. Agus iad ansin léann siad ainmneacha ó na leaca uaighe, agus aithrisíonn scéalta bunaithe ar dhaoine atá curtha ansin. Is breá le Seán an scéalaíocht agus tugann na turais seo deis lena haghaidh sin. Uaireanta déanfaidh Seán nó duine eile díobh rólimirt, m.sh. turasóir, ag cur ceisteanna faoi theaghlaigh agus faoi áiteanna, agus ag éisteacht leis na freagraí.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Cúram pearsanta

## Mír:
Stíl mhaireachtála shláintiúil a fhorbairt

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Cuirtear béim ar bhia sláintiúil san Eacnamaíocht Bhaile go speisialta. Déanann Seán béilí simplí a chócaráil agus a ullmhú i gcomhar lena pháirtí oibre. Úsáideann an múinteoir cláir bhia bhunúsacha a léann Seán lena cabhairse. Spreagtar Seán chun cócaireacht a dhéanamh sa bhaile freisin. Sa Chorpoideachas (CO) foghlaimíonn Seán conas stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun feidhme. Bíonn mórchuid na ranganna CO lasmuigh. Glacann Seán páirt sa rang lena phiaraí, ach in amanna déanann sé dearmad dá chuid feistis. Is gnách go socraítear é sin trí scairt ghutháin abhaile a chur i gcuimhne dó. Le linn laethanta fliucha, fíonn a mhúinteoir gnásanna cúram pearsanta, bia sláintiúil agus aclaíocht isteach in obair an ranga. Mar chuid de sin cuireann gach scoláire plean aclaíochta le chéile. Glacann Seán agus a chomhscoláirí sealanna ag ní, ag iarnáil, agus ag filleadh geansaithe peile scoile. Foghlaimíonn Seán conas aire a thabhairt d'éadaí agus tábhacht an tsláinteachais phearsanta i ndiaidh aclaíochta.

Déanann na meantóirí DMD agus na daltaí siopadóireacht le haghaidh bia sláintiúil dá gcruinniú lóin. Tugann sé sin deis do Sheán cleachtadh a fháil ar airgead a úsáid agus sneaiceanna sláintiúla a roghnú agus é ag siopadóireacht. Tugann an Scéim DMDM deis freisin chun cleachtadh a fháil ar lón a ullmhú leis an ngrúpa. Tá an scoil ag pleanáil taithí oibre dó i gcaife áitiúil sa tríú bliain aige.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Ag Ullmhú don Obair

## **Mír:** Feasacht a fhorbairt ar shláinte agus ar shábháilteacht agus trealamh á úsáid

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Tugann an Treoirchomhairleoir gairmthreoir aonair do Sheán m.sh. faoin teacht atá ar bhreis oideachais agus/nó obair sa phobal. Téann grúpa beag scoláirí, agus Seán ina measc, ar cuairt chuig ionaid áitiúla oideachas aosach, YouthReach agus ionaid oiliúna a fhiosrú deiseanna breis oideachais leis an treoirchomhairleoir.

### An fhoghlaim a aistriú

Nuair a ullmhaíonn sé le haghaidh, a phleanálann sé agus a ghlacann se páirt i gcuairteanna chuig m.sh. an Stáisiún Dóiteáin, Stáisiún na nGardaí agus ionaid oibre eile tagann Seán isteach ar an tuiscint go bhfuil sláinte agus sábháilteacht agus sábháilteacht phearsanta tábhachtach. Úsáidtear cásanna 'Cuir i gcás ...' le hullmhú do thurais amach nó fiafraítear de Sheán cén chomhairle a thabharfadh sé dá dheartháir óg i suíomhanna a d'fhéadfadh bheith contúirteach. Chuaigh Seán ar thuras lena rang agus lena mhúinteoir Tíreolaíochta agus a CRS chuig cairéal áitiúil, agus b'éigean dó cloí le rialacha diana sláinte agus sábháilteachta agus é ar an láithreán. San Eacnamaíocht Bhaile, foghlaimíonn Seán na lipéid ghuaise ar tháirgí. Is maith leis na siombailí a chóipeáil agus a tharraingt agus foghlaimíonn iad ar an gcaoi sin. Tá rialacha ar leith ag baint leis an tsaotharlann Eolaíochta, an gceardlann Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus an ríomhlann ar shláinte agus ar shábháilteacht. Glacann Seán agus a phiaraí páirt go rialta i ndruil dóiteáin, ina gcleachtar iompar sábháilte le linn cásanna a thiocfadh bheith contúirteach.

### Dul chun cinn agus Gnóthachtáil a aithint

Aithnítear iarrachtaí agus díograis Sheáin san fhoghlaim a oiread agus chomh minic agus is féidir sa scoil agus sa bhaile. Bíonn múinteoirí seasmhach agus de réir polasaí, tugtar aiseolas i gcónaí do Sheán é féin ionas go mbíonn a fhios aige cad é an chéad chéim eile san fhoghlaím. Sa rang, scríobhtar dáta, obair baile agus cuspóir an cheachta ar an gclár bán. Tá meantóir DMDM Sheáin fíormhaith ina cheann seo agus fíorchabhrach ina chuid aiseolais do Sheán. Úsáidtear breathnóireacht mhúinteora agus bileoga oibre difreáilte chun measúnú a dhéanamh ar réimse dá chuid ATFnna. Bailítear a chuid oibre go léir ina phunann, a athbhreithnítear i rith na bliana.

## Príomhthascanna measúnaithe/gníomhaíochtaí a thugann fianaise ar fhoghlaim

Dáiltear gradaim scoláire na bliana agus gradaim aitheantais speisialta le linn oíche bhronnadh na ngradam, agus fuair Seán ceann acu as ucht a thinrimh fheabhsaithe agus a chuid éachtaí tionscadail. Is imeacht bliantúil é seo a bhfreastalaíonn teaghlaigh, POF an BOO, baill an bhoird bhainistíochta agus aíonna eile air. Cuireann Caomhnóir Sheáin a ghradaim don tinreamh agus don aitheantas speisialta i bhfrámaí agus ar taispeáint sa bhaile. Cuirtear cuid ealaíne Sheáin agus a phiaraí ar taispeántas de ghnáth sa seomra ealaíne. Bíonn a chuidse déantán agus cuid a chairde i dTeicneolaíocht Ábhair (Adhmad) curtha in airde freisin gur féidir trácht orthu (rinne Seán bosca uirlisí ar na mallaibh). Cuireadh an saothar ab fhearr leis ar taispeáint le linn oíche oscailte, agus chuidigh seisean agus roinnt cairde leis na múinteoirí ina gcuid seomraí ranga éagsúla ar an oíche chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na scoile agus í a chur chun cinn.

## Roinnt athmhachnaimh ar an gclár foghlama

Sular chláraigh Seán leis an scoil, ní raibh aon taithí acu bheith ag obair le scoláire a raibh míchumas foghlama meánach aige cláraithe leis an scoil. B'iontach dá mbeadh an clár foghlama ann dósan sa chéad bhliain, mar roimh an gclár bhí a iompar agus a thinreamh ag tosú a dhul ó mhaith. Cé go bhfuil rang Sheáin ag glacadh páirte sa CSSS agus go mbaineann siad tairbhe mhór as mar go dtaispeánann sé dul chun cinn trí na ráitis chomhlánaithe, níl cuid ar bith de na ráitis seachas iad siúd sa rannóg scileanna bunúsacha oiriúnach do Sheán.

Tugann an clár foghlama slí chun struchtúr a chur ar chuid foghlama Sheáin agus slí chun a chuid éachtaí a thaispeáint.

Tá sé sin an-tábhachtach ó tharla nach mbeidh Seán ag suí ábhar ar bith i scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Tá Seán agus a chaomhnóir dóchasach go bhfaighidh Seán teistiúchán ar son a chuid ama ar scoil.

Dhearbhaigh teaghlach Sheáin go raibh sé an-sásta ar scoil. Thrácht siad ar an gcaoi ar éirigh sé níos treallúsaí. Is dóigh le húdaráis na scoile gur ghlac an clár foghlama isteach foghlaim a bhí leabaithe i suíomhanna ón bhfíorshaol agus gur chuir sé cuid suimeanna agus láidreachtaí Sheáin san áireamh. Is léir freisin gur éirigh Seán níos fearr sna ATFnna go léir – an áit is mó a bhfuil dul chun cinn le brath is ea tuiscint Sheáin ar úsáid an airgid, an ama, TFC agus a scileanna sóisialta.

Caithfear an clár foghlama a chur in iúl ar dhóigh níos soiléire do mhúinteoirí uile Sheáin ionas go mbeidh gach múinteoir sa chaoi gur féidir leo iad féin a thiomnú do sholáthar an chláir fhoghlama. Dóigh amháin leis sin a dhéanamh b'fhéidir, na torthaí foghlama a bhriseadh anuas ina gcéimeanna níos inbhainistithe dó i ngach rang ábhair. Is féidir go gcuimseodh se sin níos mó cumarsáide leis na páirtithe uile atá bainteach le cuid oideachais Sheáin. Ba chóir an clár a athbhreithniú dhá uair sa bhliain, de réir pholasaí na scoile ar thuairisciú ar ais chuig tuismitheoirí/caomhnóirí ar dhul chun cinn scoláirí. Ta pleanáil bhreise ag teastáil san ATF Ag ullmhú don obair – chuideodh cineál éigin de thaithí oibre le cuid foghlama Sheáin agus ba ghá meabhrú ar thuilleadh comhairliúcháin leis an treoirchomhairleoir.

Cé go bhfuil rang Sheáin ag glacadh páirte sa CSSS agus go mbaineann siad tairbhe mhór as mar go dtaispeánann sé dul chun cinn trí na ráitis chomhlánaithe, níl cuid ar bith de na ráitis seachas iad siúd sa rannóg scileanna bunúsacha oiriúnach do Sheán.

# **Clár foghlama 4:** Máire (scoil speisialta)

Is scoláire sóisialta, mothaolach, sona 16 bliana d'aois í Máire a bhfuil go leor cairde aici. Tá suim nach beag aici sa cheol, an tsuim chéanna atá ag a deirfiúr atá dhá bhliain níos sine ná í. Is breá léi éisteacht le ceol, amhránaíocht, damhsa agus scipeáil agus tá ciall iontach aici don rithim. Is féidir léi bheith cúthail go maith agus is minic is gá gríosú agus spreagadh a thabhairt di chun dul a phlé le daoine eile.

Tá Máire ar an speictream uathachais agus ta míchumas foghlama meánach aici. Tá ardscileanna cloisteála aici; is féidir léi fuaimeanna a chloisteáil ó achar fada ar shiúl agus iad a aithint. Ar scoil di, cuireann tormán isteach go mór uirthi. Oireann timpeallacht chiúin foghlama go maith di. Tá tónas lag sna matáin ag Máire agus deaslámhacht an-lag, agus níl a cuid scileanna eagrúcháin ná seicheamhachta maith. Tá rochtain ag Máire ar theiripí urlabhra agus teanga, reifléacseolaíochta agus ceoil le linn na seachtaine scoile. Leanann sí clár cleachtaí freisin le haghaidh deaslámhachta.

Cultúr oiliúnach atá sa scoil ina moltar, a spreagtar agus a thugtar dúshlán do na scoláirí. Cuireann sé sin lena bhféinmheas ...

Tá Máire sa tríú bliain aici sa tsraith shóisearach, agus í i rang de 8 scoláirí a bhfuil cumais agus riachtanais éagsúla acu, lena n-áirítear scoláirí le fadhbanna iompraíochta. Bíonn spionnadh maith agus meanma dearfach ar na scoláirí de ghnáth agus atmaisféar maith sa seomra ranga. Freastalaíonn Máire ar scoil speisialta ina bhfuil 73 scoláire, 11 múinteoirí agus 12 CRS. Is scoil chomhoideachais í, atá rannta ina bunscoil, agus ina sraitheanna sóisearacha agus sinsearacha, a thairgeann cláir ag Leibhéal 2 den CNC, an Teastas Sóisearach agus an Teastas Sinsearach Feidhmeach. Cultúr oiliúnach atá sa scoil ina moltar, a spreagtar agus a thugtar dúshlán do na scoláirí. Cuireann sé sin lena bhféinmheas agus lena dtuiscint do luach pearsanta gach scoláire agus dá n-ionchur i bpobal na scoile.

## Foghlaim phearsantaithe

Is é a múinteoir ranga, i gcomhar le gairmithe bainteacha eile, a CRS, a tuismitheoirí agus í féin a chuireann le chéile PODA Mháire. Déanann an fhoireann sin í a athbhreithniú agus a uasdátú ar a laghad trí huaire i rith na scoilbhliana, idir sin agus athbhreithnithe rialta agus pleanáil seachtaine ag an múinteoir ranga. Is iad na spriocanna tosaíochta foghlama a aithnítear do Mháire ina PODA:

| | |
|---|---|
| 1 | Cur chun cinn a neamhspleáchais i réimse an chúraim phearsanta |
| 2 | Caidrimh chuí agus bhríocha a thógáil le daoine eile |
| 3 | A féinmheas a fheabhsú |

## Léargas ar chlár foghlama Mháire

| Aonaid Tosaíochta Foghlama | Míreanna | Ábhair sa tsraith shóisearach/ gníomhaíochtaí scoile |
|---|---|---|
| **Cumarsáid agus litearthacht** | • Labhairt go cuí ar chuspóirí éagsúla agus aireachas mar éisteoir a léiriú | Béarla agus gach ábhar |
| **Uimhearthacht** | • Airgead a bhainistiú<br>• Feasacht ar am a fhorbairt | Matamaitic |
| **Cúram pearsanta** | • Cúram maith sláintiúil a fhorbairt | Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, OSPS, Eolaíocht, OSSP |
| **Ag maireachtáil i bpobal** | • Dea-chaidrimh a fhorbairt<br>• Aighnis a réiteach | OSPS, Corpoideachas, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) |
| **Ag ullmhú don obair** | • Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le hobair | Treoirchomhairleoireacht |

## Foghlaim agus Teagasc

### Cur chuige na scoile uile

Glactar cur chuige sa scoil uile chun forbairt mhothúchánach gach scoláire a chur chun cinn. Aithnítear leis seo freagairtí uathúla gach scoláire i leith suíomhanna, gníomhaíochtaí agus foghlama. Ta na múinteoirí agus an fhoireann tiomanta ar fheasacht mhothúchánach a fhorbairt i ngach scoláire mar bhunús lena gcuid foghlama go léir.

### Difreáil

Is minic a úsáideann cuid múinteoirí Mháire scéalta sóisialta chun an fhoghlaim a phearsanú di, agus do na grúpaí éagsúla a mbíonn sí páirteach iontu i rith an lae. Díríonn siad seo ar ghné ar leith dá cuid foghlama atá tábhachtach i dtopaic áirithe i réimse foghlama. Oireann modh an mhúnlaithe go maith do Mháire agus dá comhscoláirí. Trí shampla-aithris mhúinteora, léiriú piara, agus breathnú ar DVDnna a táirgeadh ar bhonn tráchtála, cibé cé acu ina haonar nó i ngrúpaí beaga nó ranga, soláthraítear éagsúlacht agus deiseanna fócasaithe foghlama do Mháire freisin le haghaidh scileanna áirithe a fheabhsú.

Tá múinteoirí Mháire eolach ar luach leideanna ilchéadfacha chun a cuid foghlama a fheabhsú. Tá suíomhanna ón bhfíorshaol amhail baint bheith aici leis an gclub bricfeasta, taithí oibre agus siopadóireacht fíorluachmhar. Sa seomra ranga, is minic a úsáidtear pictiúir, chomh maith leis an bhfocal labhartha, chun scileanna agus foghlaim a fhorbairt, m.sh. pictiúir a shórtáil i gcatagóirí cuí, ag úsáid leidchártaí chun scileanna comhrá Mháire a scafláil, ag úsáid teicneolaíocht chuidithe amhail ríomhairí glúine le haghaidh cláir léitheoireachta agus tascanna scríbhneoireachta, brabhsáil idirlín agus r-phoist.

## Teagasc agus foghlaim

Cuimsíonn cuir chuige teagaisc agus foghlama úsáid an cheoil san fhoghlaim, ó tharla dúil as cuimse bheith ag Maire sa cheol. Mar shampla, úsáideann múinteoir Mháire noda ceoil chun comhartha a thabhairt go bhfuiltear ag athrú ó thasc amháin go chéile, agus chun amanna sosa agus lóin a chur in iúl (agus dá réir sin ag tacú le foghlaim faoin am). Úsáidtear an ceol freisin in OSPS chun giúmair agus mothúcháin a fhiosrú – spreagtar scoláirí chun 'an mothúchán a tharraingt amach' – leadrán cuir i gcás – i ndiaidh píosa oiriúnach ceoil a roghnú chun freagairt don leadrán as measc rogha de phíosaí a thugann an múinteoir. Bíonn an-spraoi i measc an ghrúpa leis an imeacht seo agus iad ag freagairt do phíosaí difriúla. Taitníonn cuir chuige den chineál sin le Máire.

I rith an lae, bíonn go leor leor deiseanna le haghaidh obair beirte, mar a shanntar róil do gach scoláire. Is minic a fheictear do Mháire go mbíonn an obair seo an-dúshlánach agus tugtar tacaíocht di ó thús go deireadh trí leideanna, sampla-aithris, agus a lán spreagtha.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Mháire

# Uimhearthacht

## **Mír:** Airgead a bhainistiú

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Teagasctar agus foghlaimítear an ATF seo trí chluichí, rólimirt, eispéiris siopadóireachta ón bhfíorshaol, chomh maith le hobair deisce agus obair sa seomra ranga. Déantar airgead a aithint trí bhoinn agus nótaí plaisteacha, ansin bogtar ar aghaidh chuig fíorairgead. Cuidíonn cleachtaí meaitseála agus péireála leis an aithint, mar shampla, *Faigh dom an bonn céanna leis seo.* Leagtar na boinn ansin taobh le taobh go dtí go meaitseáiltear le chéile iad. Forbraítear é sin ansin ina gcluichí meaitseála coibhéise, ag fáil na dteaglamaí bonn agus nótaí chun na méideanna cearta a fháil. Sa seomra ranga, eagraíonn an múinteoir babhtaí siopadóireacht chur i gcéill leis an ngrúpa.

Treoraíonn duine fásta Máire trí na heispéiris fíorshiopadóireachta, ag aimsiú earra a bhfuil go leor airgid aici dó, ag aimsiú na mbonn ceart le díol as, agus ag oibriú amach an tsóinseáil cheart.

## **Mír:** Feasacht ar am a fhorbairt

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Foghlaimíonn Máire conas a clár ama féin a leanúint ag úsáid clár ama de réir stíl phictiúrtha amhail Córas Cumarsáide Malartú Pictiúir (CCMP). Leagtar amach seicheamh pictiúr gach lá de ghnáthamh laethúil Mháire. Oibríonn Máire air sin le tacaíocht. Mar sin de bíonn a fhios ag Máire cén ghníomhaíocht ata ag teacht aníos. Cuirtear an clár ama le chéile i gcuideachta Mháire agus dathaíonn sí na pictiúir agus gliúálann in áit iad. Tugann sé sin úinéireacht do Mháire ar a sceideal laethúil féin.

Forbraíonn tuiscint agus úsáid Mháire ar a clár ama de réir a chéile. Tosaíonn sí a aithint príomhamanna sa lá, amhail amanna sosa. Ceanglaítear aghaidheanna cloig cuí le gach gníomhaíocht phictiúrtha, mar sin de nasctar léamh an chloig leis an sceideal ama a leanúint.

# ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Mháire

# Cumarsáid agus litearthacht

## **Mír:** Labhairt go cuí ar chuspóirí éagsúla agus aireachas mar éisteoir a léiriú

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Síneann an ATF seo trasna eispéiris scoile uile Mháire. Is deiseanna iad seo uile, comhrá faoina cuid suimeanna ceoil, cé acu ar thaitin turas amuigh léi, nó a tuairim ar eisiúint nua de chuid an cheoltóra is fearr léi, a úsáidtear i rith an lae chun a tuiscint agus a héisteacht a fhorbairt. Tá cumas teanga ghlacach Mháire láidir i gcomparáid lena friotal eispriseach. Cabhraíonn rólimirt, samplaí DVD agus múnlaí eile chomh maith le cluichí, cabhraíonn siad le Máire teanga a idirdhealú a oireann do shuíomhanna difriúla. Spreagtar agus léirítear scileanna comhrá trí cheacht atá ar aon dul le nuacht na maidine. Glacann an múinteoir agus Máire sealanna ag insint a gcuid nuachta. Is cuid ríthábhachtach de seo do Mháire an ceistiúchán.

**Múinteoir:** *'Cad é a rinne tú aréir?'*
**Máire:** *'Teilfís.*
**Múinteoir:** *'Ar bhreathnaigh tú ar Fair City ar an teilifís?*
**Máire:** *'Sea'*
**Múinteoir:** *'Ar mhaith leat a chloisteáil cad é a rinne mise?'*
**Máire:** *'Ba mhaith.*
**Múinteoir:** *'Ceart go leor, cuir thusa ceist ormsa!'......*

Sampla eile den fhoghlaim sa réimse seo is ea Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad). Taispeánann an múinteoir do Mháire conas tasc a dhéanamh agus déanann sí tráchtaireacht ó thús go deireadh, m.sh.

*'Anois, a Mháire, Tá mé ag dul a ghearradh an phíosa adhmaid seo anseo agus ansin gearrfaimid é le chéile leis an bpíosa seo. An féidir leat an bloc seo a choimeád dom?'*

Is é freagra Mháire go gcuireann sí aoibh an gháire uirthi féin agus athdheir sí beagán den fhoclóir a bhain leis an gceacht. Taitníonn an ghníomhaíocht léi. Ag deireadh an tionscadail bíonn saothar críochnaithe ceardaíochta ag Máire di féin, a chuir sí i gcrích le roinnt tacaíochta, m.sh. seilf agus raca CDnna. Le tacaíocht agus le leideanna ceiste is féidir léi cur síos a dhéanamh i dtéarmaí bunúsacha ar cad atá ann agus conas a rinne sí é.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Mháire

# Ag Maireachtáil i bPobal

## **Mír:** Dea-chaidrimh a fhorbairt agus Aighnis a réiteach

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Don ATF seo, is mór is fiú caint agus plé ar thopaicí le linn ranganna OSPS. Tá baint ag Máire leis an gcomhrá trí éisteacht go haireach, freagraí a thabhairt agus tús a chur leis chomh maith le páirt a ghlacadh sa phlé. Tá na topaicí a chuimsíonn scileanna cumarsáide, cairdeas, caidreamh agus gnéasacht san OSPS fíorúsáideach.

### Naisc leis an bpobal trí chéile

Glacann Máire páirt gach maidin sa chlub bricfeasta. Cruthaíonn sé sin áiméar don fhoghlaim in atmaisféar suaimhneach leasa, agus tugann deiseanna do scoláirí idirghníomhú le chéile ar shlí thíriúil chuideachtúil. Is spreagthach ag na scoláirí é boladh an aráin rósta agus an tae the ar maidin sula dtosaíonn an rang agus cuireann sé tús dearfach leis an lá. Is breá le Máire an suíomh sóisialta seo gach maidin. D'fhéadfadh sí ról bheith aici ar an lá ar nós an tábla a leagan le cabhair ó CRS agus na gréithe a thriomú ina dhiaidh. Glacann a cuid piaraí sealanna a dhéanamh sin léi.

Is ball díbhirceach í Máire d'fhoireann *fáinní* na scoile. Cothaíonn sé sin sealaíocht, iomaíocht, deacrachtaí a réiteach a thagann aníos go nádúrtha i ngníomhaíochtaí foirne – cé a dhéanann cad é, a théann ar dtús agus dá réir sin? Cuireann iomaíocht idirscoile feabhas ar an idirbheartaíocht agus ar an gcomhar i ngrúpaí freisin. Daingnítear an fhoghlaim sin tuilleadh sa CO trí dhamhsa agus a lán gníomhaíochtaí eile, trí obair ghrúpa agus obair beirte san Eacnamaíocht Bhaile, sa rang drámaíochta agus a lán deiseanna foghlama comhoibríocha eile trasna an churaclaim.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Mháire

# Cúram pearsanta

## **Mír:** Cúram maith pearsanta a fhorbairt

### Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Tá cuid gníomhaíochtaí uile Mháire sa réimse foghlama seo praiticiúil agus bunaithe ar an saol fíor. Teagasctar conas d'aghaidh a ní, fiacla, gruaig a scuabadh, agus éadaí a chur ort féin trí shampla-aithris. Tá a máilín níocháin féin le scaraoid aghaidhe aici, sópaí, scuab fiacla agus taos fiacla a úsáideann sí do na ceachtanna seo. Spreagtar i chun bheith chomh neamhspleách agus is féidir agus is féidir léi na tascanna seo a dhéanamh leis an méid is lú leidíochta agus tacaíochta. Teagasctar ar dhóigh réalaíoch freisin conas sipeanna agus fáiscíní éadaigh a úsáid. Taispeántar do Mháire cén taobh den sip a choimeádtar agus cén taobh a tharraingítear suas lena lámh dheas chun an fáiscín a dhúnadh.

ATF

Aonaid Tosaíochta Foghlama Mháire

# Ag Ullmhú don Obair

## **Mír:** Ag glacadh páirte i ngníomhaíocht a bhaineann leis an obair

Roghbhlúire de roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo.

Buaileann an treoirchomhairleoir le Maire uair sa tseachtain chun an ATF seo a athbhreithniú agus a phleanáil. Tá baint ag Maire le clár taithí oibre inmheánach na scoile. Glacann sí freagracht, le tacaíocht, as réimsí difriúla den seomra ranga agus den scoil. Clúdaíonn róta na dtascanna clog na scoile a bhualadh ag amanna cuí (nasctha le foghlaim an ama thuas), siopadóireacht a dhéanamh don seomra foirne agus é a eagrú, aire a thabhairt do thailte na scoile, obair i ngarraí na scoile, cabhrú le hathchúrsáil, m.sh. na haraidí bruscair a dhathchódú agus a lipéadú. Sa róta ina bhfuil Máire páirteach breathnaíonn siad i ndiaidh tuáillí agus gallúnacha sa leithreas. Le cuidiú ón CRS, bailíonn Máire tuáillí agus gallúnacha agus taistealaíonn sí thart ar an scoil a bhrú tralaí, a dháileadh tuáillí glana ar na seomraí ranga, agus a thógáil tuáillí úsáidte léi chuig an neachtlann. Tugtar leid do Mháire, nuair is gá na tuáillí a iarraidh agus úsáideann sí focalstór sóisialta amhail 'le do thoil' agus 'go raibh maith agat' ina cuid idirghníomhaíochtaí le pearsanra na scoile. Is ullmhúchán é sin don taithí oibre lasmuigh den scoil a ofráiltear do scoláirí sa tsraith shinsearach in óstán áitiúil. Beidh Máire í féin ábalta páirt a ghlacadh ann sin an chéad bhliain eile.

## Dul chun cinn agus Gnóthachtáil a aithint

Cuireann an scoil in iúl go hionraic agus tugann sí aitheantas oiliúnach do dhul chun cinn agus do ghnóthachtáil in idir iompar dearfach agus fhoghlaim.

Bíonn deiseanna ann gach Aoine chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí spóirt, acadúla sóisialta agus eile.

Laistigh dá rang gach seachtain bronntar cártaí glasa agus óir ar scoláirí as ucht éachtaí ar leith gach seachtain. Moltar scoláire na míosa ó gach rang freisin. Faigheann an buaiteoir ar an iomlán plaic agus grianghraf frámaithe. Cuirtear éachtaí agus foghlaim in iúl freisin trí ghlaonna gutháin abhaile agus nótaí i siurnail, agus aithnítear go poiblí dul chun cinn dearfach scoláirí.

## Príomhthascanna measúnaithe/ gníomhaíochtaí a thugann fianaise ar fhoghlaim

Cuireann múinteoir ranga Mháire in iúl ar bhonn leanúnach i rith an lae cuid láidreachtaí foghlama agus cuid éachtaí Mháire, agus nascann sí é sin le moltaí agus le tacaíocht ar conas a thig léi roinnt dá cuid dúshlán a shárú.

Is maith le Máire a dul chun cinn a chur ar cairt agus is spreagthóir leanúnach é seo i dtreo tuilleadh foghlama. Rud lárnach eile di ina cuid foghlama agus sa mheasúnú leanúnach is ea spriocanna nua foghlama a shocrú di. Cabhraíonn sé léi agus spreagann sé suim Mháire ina cuid foghlama gur féidir léi a cuid éachtaí foghlama agus a cuid dúshlán a roinnt lena teaghlach.

Meastar cuid foghlama Mháire trí bhreathnóireacht mhúinteora ar scileanna a sealbhaíodh agus ar spriocanna a baineadh amach. Meastar a punann gach seachtain, léi féin, i dtéarmaí na dtascanna a críochnaíodh. Déantar difreáil i dteisteanna ranga. Stóráiltear iad sin freisin ina punann.

## Roinnt athmhachnaimh ar an gclár foghlama

Is dóigh iontach é an clár foghlama seo chun dul chun cinn agus éachtaí Mháire tríd an bhliain a athbhreithniú. Bhí sé an-úsáideach ag an scoil athbhreithniú chlár foghlama Mháire a nascadh lena cruinnithe athbhreithnithe PODA. San am atá le teacht beidh ar an scoil níos mó airde a dhíriú ar bhealaí difriúla chun fianaise a bhailiú ar fhoghlaim Mháire, mar shampla, d'fhéadfaí físeán a ghlacadh di ag léiriú taisc. Tá se ríthábhachtach freisin naisc a bhunú le háisíneachtaí seachtracha a bhfuil baint acu le cúram Mháire agus iad a thabhairt isteach i bpleanáil agus i bhforfheidhmiú a cláir.

Thug leasdeirfiúr Mháire faoi deara gur éirigh sí níos sóisialta agus go n-idirghníomhaíonn sí níos mó lena piaraí. Tá níos mó suime aici anois nithe a dhéanamh di féin, ag déanamh a lóin féin agus ag amharc i ndiaidh a cuma. Is cás lena leasdeirfiúr go mbeadh neamhspleáchas agus scileanna saoil Mháire ina bpríomhfhócas ina clár foghlama an chéad bhliain eile.

Thug leasdeirfiúr Mháire faoi deara gur éirigh sí níos sóisialta agus go n-idirghníomhaíonn sí níos mó lena piaraí.